
# SAOIRSE

Uimhir a ceathair | Earrach 1985 | Luach 80p (*65p airgead Sasanach*)

18



# An t-aon fhreagra a thuigeann Rialtas na Breataine


©CORMAC
Ah! Clár i dteanga eachtranach.
Ar mh' anam! Clár eile i dteanga eachtranach.
Ní chreidim seo ar chor ar bith . Clár i dteanga eachtranach arís eile.
Tá mo sháith is barraíocht feicthe agam.
Sílim go bhfuil sé thar am agam gearán a dhéanamh.
Éist seo liom. ní miste liom corr scannán eachtranach le fotheidil ach nach gceapann tú go bhfuil sibh ag dul thar fóir
Má tá orm éisteacht le clár Béarla eile rachaidh mé as mo chrann cumhachta!
Fred! Tá fear mire eile ar an ghuthán ! Síleann sé gur cóir go mbeadh sé ábalta an Ghaeilge a chloisteáil ar an teilifís ar an ábhar go bhfuil sé ina chónaí in Éirinn!
Aleithéid de raiméis ! Tá barraíocht Gaeilge ar an teilifís cheana féin
Go bhfóire Dia orainn! Nach dtabhrann muid Raidío Teilifís Éireann air. Nach sásaíonn sin na gealta.
Féach! Ta 3% de chraolachán RTÉ i nGaeilge. Is ionann sin agus cóir a bheith dhá nóiméad in achan uair a chloig.
B'fhéidir dá dtiocfadh liom gan mo shúile a chaochadh...

# CLÁR

## CÚRSAÍ REATHA


**Straitéis na Breataine** 2
– iniúchadh ar a bpolasaí in Éirinn

**Fear a thuill meas** 5
– Seán Mac Ghiolla Bhríde faoi agallamh

**Dosaen Leabhar Nua** 6
– Leabhair úra do do leabhragán

**Truailliú na staire** 7
– lúbadh na staire ag campholaiteoirí

**Súil thart** 9
– dul chun cinn athbheochaint na Gaeilge

**An Namaib – an saoirse a thiocfas** 10
– cúlra na troda ar son saoirse ón Afraic Theas


## TUAIRIMÍOCHT


**Ar ais go dtí na fréamhacha** 14
– Piaras Ó Dúill ar an chomhghéilleadh i gcás na hÉireann

**Bás Mrs Gandhi** 15
– Dearcadh Nollaig Uí Ghadhra ar fhadhbanna na hIndia


## LITRÍOCHT


**An máistir mar fhile** 17
– léirmheas le Daithí Ó hÓgáin ar shaothar filíochta Dhiarmaid Uí Shúilleabháin

**Nach aoibhinn do Bhanba** 18
– dán scigiúil le Diarmaid Ó Súilleabháin

**Úrsceal as príosún** 19
– léirmheas ar *Ciontach* le Diarmaid Ó Súilleabháin

**Do Bhobby Sands an lá sular éag** 20
– dán le Micheal Davitt


**Teacht i mbláth** 21
– an leabhar filíochta is déanaí ó Nuala Ní Dhomhnaill


## STAIR


**Sloinnte Chúige Uladh** 22
– an stair a bhaineann le cuid dár sloinnte


## TAISPEÁNTAS


**Ár ar an Afraic** 24
– taispeántas griangrafanna in éadan an chóilíneachais

● *Griangraf a tógadh roimh an ionsaí ar bheairic na bpéas in Iúr Chinn Trá. Dhein 'Lucas' Quigley an pictiúr ar chúl a phéinteáil i bPríosún Phortlaoise.*


# SAOIRSE
## EAGARFHOCAL


# Cogadh

**STÁT seicteach, bunaithe ar chomháireamh cloigne, is ea an stát a bunaíodh sna sé chontae. Is gá an bunfhíric sin a bheith ós ar gcomhair an t-am ar fad agus cúrsaí na hÉireann á bplé againn. Éagóir ab ea críochdheighilt na hÉireann agus le síocháin a bhaint amach in Éirinn tá sé riactanach go gcuirfí deireadh leis an éagóir sin agus go ndéanfaí Éire a athaontú.**

Tá Óglaigh na hÉireann ag troid in éadan fórsaí an choróin chun na Briotanaigh a thabhairt ar mhalairt intinne agus chun go bhfágfaidh siad Éire faoi na hÉireannaigh. Aontaimid leis an troid sin agus ní fheictear dúinn go bhfuil bealach ar bith eile chun na Briotanaigh a thabhairt chun céille.

Léiríodh ar fud na sé chontae go mion minic, agus in Iúr Chinn Trá le déanaí ach go háirithe, nach bhfuil na Gaeil chun luí síos arís. Ní hé bealach an chogaidh is rogha linn. Ach tá an bealach sin brúite ar Ghaeil ag barbarthacht ár naimhde. I dtaobh an RUC de is fórsa iad atá ag dúnmharú, ag céasadh agus ag ciapadh náisiúnaithe na sé chontae.

Tá Sinn Féin ag dul san iomaíocht i dtoghacháin áitiúla ar fud na tíre go luath. Déanfaidh Sinn Féin dul chun cinn fiúntach sna toghcháin sin agus beidh ionadaíocht níos mó acu thar mar a bhí le fada an lá.

# Daingniú

**DH'AINNEOIN gurb é Sinn Féin an páirtí is sine sna 26 Chondae go fírinneach sé an páirtí is óige é i gcomhthéacs imeachtaí polaitiúla an lae inniu.**

Faoi láthair tá Sinn Féin á ullmhú féin do na toghacháin sna húdaráis áitiúla i Mí an Mheithimh. Ansin don chéad uair ó bunaíodh an dá pháirtí a scoilt ar shiúl ó Shinn Féin i 1923 agus 1926 – Fine Gael (Cumann na nGaedhael) agus Fianna Fáil – beidh Sinn Féin i bhfocail Chaoimhghín Uí Chaoláin, eagraí náisiúnta Shinn Féin á dhaighniú féin mar an tríú fórsa polaitiúil is mó sa stát.

Sna blianta atá imithe tharainn bhí Sinn Féin thuas seal thíos seal. Ach is léir gur ghin toghachán Roibéard Uí Sheachnasaigh i bhFear Manach/Tír Eoghain Theas i 1981 an tuiscint i measc Poblachtánaigh go gcaithfear ár streachtailt a phoibliú. Tuigeadh fosta go raibh orainn ár ndícheall a dhéanamh le tacaíocht agus bá an phobail a tharraingt chugainn.


Oideachas polaitiúil agus an tuiscint nach mbaineann an réabhlóid seo againne le bunáit talaimh ach le pobal daoine an dá rud a chuidigh linn ár n-aidhmeanna a aimsiú go beacht.


De réir a chéile feiceann Poblachtánaigh sna sé chontae fichead go gcaithfidh siad a bhfeallsúnacht pholaitiúil a chur i bhfeidhm i measc a bpobail féin. Tuigeann Poblachtánaigh gur gá baint ghníomhach a bheith acu le gach gné de chúrsaí an phobail agus go bhfuil sé riachtanasach acu polasaithe s'acusan a chur chun cinn mar rogha ar na polasaithe leamh seanchaite a mholann páirtithe an chórais. Mar thoradh ar obair Shinn Féin tá éileamh an phobail ar son an athraithe bhunasaigh ag méadú i gcónaí.

Beidh torthaí an toghacháin seo mar chruthúnas go bhfuil athruithe a n-éileamh ag an phobal. Cruthóidh na torthaí fosta go bhfuil Sinn Féin athréimnithe mar an páirtí is mó tábhachta in Éirinn faoi láthair atá ag troid ar son an athraithe.

**Seol litreacha chuig an t-eagarthóir ag Saoirse, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Atha Cliath 1**


**Foilsithe ag Saoirse, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1**



# Straitéis na Breataine

LE CIAN Mac AOIDH

**ROIMH an chruinniú mullaigh 'tubaisteach' idir FitzGerald agus Thatcher ag Chequers i Mí na Samhna rinne na meáin an dúrud díospóireachta faoin chinniúint pholaitiúil a bhí i ndán d'Éirinn. Luaíodh córas cónascaí, socrú ar bhonn an Chomhfhlaithis agus fiú rogha na hÉireann Aontaithe agus tugadh le fios go raibh siad uilig i mbéal an dorais againn.**

Ar cruinniú míchlúiteach Chequers, áfach, cruthaíodh sean-mhana agus seasamh Sinn Féin i dtaca le polasaí na Breataine sa tír seo — níl prionsabail ar bith ag Rialtais Shasana; ní bhíonn ar a n-áird ach a leas féin.

Taobh istigh dena limistéir sin — go ndéanfaidh an Bhreatain Mhór a leas féin i gcónaí — is féidir treo agus straitéis na Breataine a iniúchadh. 'Sé príomh aidhm na Breataine sa ghearrthréimhse ná seasmhacht a bheith sna Sé Chondae. San fhadthréimhse is mian leo an fhadhb a réiteach ar a dtéarmaí féin. Chuige sin tabharfaidh Rialtas na Breataine lán-tacaíocht do cheart crosta na nDílseoir ar aontacht na hÉireann.

Ós a choinne sin tabharfaidh siad iarraidh an pobal náisiúnach a shásamh le mionleasuithe agus le geallúintí dona polaiteoirí 'bunreachtúla'. Ar ndóigh, rith an ama, imreofar dearg-chogadh ar na Poblachtóirí.

Is cosúil, sa ghearrthréimhse, go mbronnfaidh Rialtas Shasana sop éigean ar an phobal náisiúnach le cur in iúl go bhfuil siad i bhfách le cearta na náisiúntóir a chosaint taobh isitgh den Tuaisceart. Sa chomhthéacs seo tagaítear go minic d'Acht na mBratach agus na gComharthaí agus d'Acht na nÚdarás áitiúil a rith Stormont i 1949 ag toirmeasc sráidainmneacha Gaeilge. Deirtear gur gearr go ndéanfar ar shiúil leis an dá Acht seo.

Tá ráite ag ionadaithe Shinn Féin nach mbeidh sna mionleasuithe seo — má thagann siad ar chor ar bith — ach áilleagáin gan úsáid; sop, in áit na scuaibe. Lena chois, deir siad, is cuma mur gceadaítear taispeántais náisiúntachta nó leanfaidh an pobal leis ag cur na Gaeilge chun cinn ar neamh-chead do na Briotanaigh.

**IS féidir dearcadh ar athrú ainm an Chomhairle i nDoire Cholm Cille ó 'Londonderry' go 'Derry' mar chuid de pholasaí seo na sopanna. Ach d'ainneoin a bhfuil canta ag Garret FitzGerald agus Peter Barry ní hionann leasuithe den chineál seo agus ré úr nó dearcadh úr i gCaibinéad Westminster. Leoga, ní thabharfar gan fiú an leasú is neamh urchóidí don phobal náisiúnach gan cur ar a súile dona Dílseoirí go bhfuil a gcéimíocht sa stát slán sabháilte.**

Ghin an stailc ocrais, ionsaithe ar thórraimh Phoblachtacha, an polasaí 'scaoil le marú', an chuairt ar Bheairic Drumadd, *"amach, amach, amach,"* agus go leor leor eile an t-atmaisféar ina dtig le Rialtas na Breataine 'corr-bhronntanas' a thabhairt uaidh don phobal náisiúnach.

Leoga, i ndiaidh an tsaoil agus i ndiaidh glagaireacht uilig an Chomh-rialtais ó foilsíodh Tuarascáil an Fhóraim is soiléire ná ariamh nach bhfuil maolú flaithis ar bith beartaithe ag an Bhreatain Mhór sa Tuaisceart.

De réir foinsí éagsúla tá sé mar bhunpholasaí ag an Bhreatain (agus





na stáit eile i NATO) an Saorstát a bhrú, nó a mhealladh isteach i NATO.

Ar ndóigh tá go leor polaiteoir sa dá pháirtí mhóra sa tSaorstát a mhaíonn go neamhbhalbh gur beag leo neodracht na 26 Chondae. Arsa Noel Davern ó Fhianna Fáil (i mBéarla):

*"Tá laethe na neodrachta agus na hiargúltachta thart... 'Sé an dóigh is fearr lenár narm a threalmhú ná dul isteach i NATO."*

Chualthas a macasamhail de chaint ag John Kelly (Fine Gael) in eagrán Mhí Eanáir 1985 de Cómhair. In alt inar cháin sé neodracht na 26 Chondae le linn an Dara Cogadh Domhanda dúirt sé:

*"Is mithid dúinn an tábhar go léir (neodracht) a tharraingt anuas agus a phlé go grinneal as an nua."*

**DEIRTEAR go bhfuil an brú is mó ar neodracht an tSaorStáit ag teacht ó stáit eile an Chomhphobail Eorpaigh. Stáit atá uilig i NATO. De réir an iriseora, Peter Comerford, ina leabhar *Do you want to Die for NATO,* creideann NATO go bhfuil Éire mar a bheadh bearna ina sciath cosanta ann. Dar leo gur féidir le heitealáin na Rúise diúracháin a scaoileadh ó chósta iarthar na hÉireann.**

Más fíor sin is cinnte gur mhaith leo suímh mhíleata a bheith acu in iarthar na hÉireann. Ar ndóigh tugtar le fios go tráthrialta go mbeadh an Bhreatain sásta Éire a fhágáil dá rachadh na 26 Chondae isteach i NATO. Deir Comerford.

*"Bíonn an Bhreatain buartha faoi chostas a gcuid polasaithe i dTuaisceart Éireann agus faoin chontúirt go dtiocfaidh ionsaí ón Iarthar. Mar thoradh air sin bíonn sí ag iarraidh Rialtaisí Éireannacha a mhealladh leo, ag maíomh gur féidir Aontacht na hÉireann agus páirtíocht mhíleata a mhalartú."*

Leoga ba sin go díreach an port a bhí á sheinm ag Enoch Powell go dtí ar na mallaibh. Mar sin féin b'éadóigh Rialtas na Breataine a bheith sásta an mhalairt a dhéanamh. Gach seans, dár leo, go dtiocfaidh an Saorstát isteach i NATO diaidh ar ndiaidh ar scor ar bith. Lena chois is cosúil go bhfuil gach teachtaireacht radair a bheadh ar fáil ag an Bhreatain dá mbeadh an Saorstát i NATO á fháil acu cheana féin ó áiteanna mar Mount Gabriel i gCondae Chorcaigh.

**ROIMH an chruinniú mullaigh í Mí na Samhna 1984 bhí an Comhrialtas ag cur in iúl do chách go raibh flaitheas na Sé Chondae le bheith idir chamáin. Tuigtear go raibh toscairí Bhaile Átha Cliath ag dúil go mbeadh Thatcher toilteanach 'am basáid neamhoifigiúil' don tSaorstát a cheadú i mBéal Feirste (scéim atá chomh mí-éifeachtach sin nach bhfuil fiú na Dílseoirí in a éadán) nó go mbunófaí Comhairle Angla-Éireannach.**

Shíl an Comhrialtas go mbeadh sé ní b'fhusa ag an SDLP a bheith páirteach i gComhthionól Stormont agus ag an am chéanna go gcaillfeadh Sinn Féin tacaíocht dá dtabharfaí faoi tionscnamh den chineál sin; Beag an baol, afách, go bhfuil role tábhachtach den tsórt sin don tSaorstát mar chuid de straitéis na Breataine.

I ndeireadh an dála, ar an ábhar nach bhfuil Rialtas an tSaorstáit inchurtha le dushlán na Breataine a thabhairt, déanfaidh Rialtas na Breataine cibé socraithe a dhéanfar ar a dtéarmaí féin agus chan ar théarmaí Bhaile Átha Cliath.

Glacfaidh na Briotanaigh seasamh neamhghéilliúil le Rialtas Bhaile Átha Cliath mar sin – cuma cé chomh humhal is atá an Rialtas sin. Is féidir roinnt fáthanna don dobhogthacht seo a aimsiú. Ina measc tá fáthanna straitéiseacha míleata, dílseachta, pearsanta agus cumhachta.

**Ní impíriúlachas eacnamaíochta ach impíriúlachas polaitiúil atá sa tsiúil ag an Bhreatain sna Sé Chondae. 'Sé sin le rá nach bhfuil aon airgead le gnóthú as a láithreacht in Éirinn ach tá an-tábhacht straitéiseach léi. Go fóill tá role deimhin ag an chogadh tráidisiúnta talaimh i bplean NATO agus dá bhrí sin de tá tábhacht le gach píosa talaimh inar féidir bunáit a lonnú.**

D'aithin *The Irish Times* tábhacht straitéiseach na Sé Chondae don Bhreatain in eagarfhocal i Mí na Nollag 1980:

*"Táthar ann a chreideann go bhfuil tábhacht straitéiseach ag an oileán seo don Bhreatain agus dá chomhghuallaithe ós cionn gach rud eile a tógadh sna cainteanna idir Haughey agus Thatcher."*

Is dearfa fosta go n-imríonn láithreacht na Breataine sna Sé Chondae an-tionchar chan amháin ar an Sé Chondae ach fosta ar gach gné den tsaol agus go háirithe ar an tsaol pholaitiúil sa tSaorstát.

Cé gur shéan polaiteoirí agus ceannairí míleata na Breataine go minic gur féidir Óglaigh na hÉireann a chloí le treise airm amháin tá dream i measc lucht déanta polasaí na Breataine a chreideann go fóill gur féidir buachaint ar na hÓglaigh ar pháirc an chatha. Tá an dearcadh seo le sonrú san ionsaí a rinneadh ar an chruinniú poiblí i mBéal Feirste nuair a dúnmharaíodh John Downes agus arís san iliomad ionsaithe marfacha a rinneadh ar Óglaigh i 1984 agus cheana féin i 1985.

**TÁ ráite ag na polaiteoirí bunreachtúla, agus fiú ag an Chairdinéal Ó Fiaich gurb í Margaret Thatcher an bac is mó ar réiteach 'fadhb na hÉireann'. Go fíreannach, ar ndóigh, níl sa chaint sin ach iarracht le meatacht na bpolaiteoirí céanna a cheilt – ní ghéillfeadh Rialtas Sasanach ar bith (agus chan é amháin Rialtas Thatcher) d'achainí anbhann Rialtas Bhaile Átha Cliath.**

Ach admhaíonn Poblachtóirí go bhfuil fuath neamhghnách ag Thatcher ar mhuintir na hÉireann. Dúirt stiúrthoir poiblíochta Shinn Féin, Danny Morrison:

*"Tá dúil sa díoltas ag Thatcher. Tá sí níos mó beag beann ar chearta daonna an phobail náisiúnaigh, b'fhéidir, ná coimeádaigh eile. Fosta is léir ó*




● *Na seó thriallacha – cuid de straitéis na Breataine le friotaíocht náisiúnach a bhriseadh*

*chur go tóin an Belgrano agus dúnmharú John Downes gur bean fhuilchíocrach í. Tuigimid, áfach, nach bhfuil ach baint áirithe ag a pearsantacht bharbartha le rialú na Sé Chondae sa mhéid is go bhfuil na treoirlínte céanna ag na ceannairí Briotanacha uilig."*


B'éadóigh Rialtas na Breataine bogadh dá laghad a dhéanamh nuair atá polaiteoirí bunreachtúla na hÉireann chomh gann in éifeacht is atá siad. Is polaiteoirí míchumasacha iad, níl taithí ar bith acu ar chaibidlí crua; níl tuiscint ar bith acu don chos ar bolg a ghineann an gliceas polaitiúil; agus tá eagla orthu dul sna hadharca lena 'gcomhaltaí' Sasanacha.

Lena chois de réir na mBriotanach anois ní héigean cuidiú ar leith a thabhairt don SDLP ná don Chomhrialtas. Síolraíonn an dearcadh sin ó bhua John Hume i dtoghchán an Chomhphobail Eorpaigh agus ón bharúil go bhfuil a nuasmhéid vóta bainte amach ag Sinn Féin cheana féin.

**TÁ easpa nirt fosta in éilimh an Chomhrialtais ar na Briotanaigh. Thug Garrett FitzGerald léiriú ar laige a pholasaí ar an Tuaisceart san iris** ***Time*** **i Mí na Nollag 1984. Ar seisean:**

*"15 years ago I would have said it would be possible (socrú polaitiúil) in a few years, but after 15 years of a murder campaign against the Protestant population, the IRA has forced a postponement of re-unification. It will certainly take time for the bitterness created by the IRA to die down... In the meantime it is possible to reach an accommodation that would end the alienation of the minority and provide it with institutions and security forces with which it can identify."*

Is cinnte go gcuireann dearcadh mar seo le dobhogthacht na Breataine.



● *Sir Robert Richardson, Oifigeach Ceannas Fórsaí na Breat-*
*... NATO anuraidh*



Tá an dluthbhaint idir na hAontachtaithe sna Sé Chondae agus an lucht ceannais sa Bhreatain Mhór. Ar an ábhar sin ní ligfí do cheannaire Briotanach an ceangal le hÉirinn a bhriseadh ach amháin dá mbeadh an Bhreatain ag íoc go daor as a láithreacht sa tír.

**SEASANN bunaíocht na Breataine go fóill le focail Winston Churchill i 1941** *"On the Irish Question I have my loyalties. I cannot let down my Unionist friends in Ulster."* **Mothaíonn na Coimeádaigh ach go háirithe – cé go bhfuil rian den mhothú chéanna i measc Páirtí an Lucht Oibre – go gcaithfidh siad seasamh leis na hAontachtaithe Ultacha.**

I 1983 dúirt feisire den eite dheas sa Pháirtí Coimeádach go dtitfeadh an Rialtas dá ndéanadh siad iarracht flaitheas na Breataine sna Sé Chondae a mhaolú. Tá ráite ag urlabhraithe Poblachta nár cóir a bheag a dhéanamh den mhothú dílseachta seo a bheir *'lacthanta órga na hImpireachta'* chun cuimhne.


Treisíodh ar an bharúil atá ag Gluaiseacht na Poblachta nach suim leis na Briotanaigh comhréiteach a thabharfadh cearta ar bith do náisiúntóirí i ndiaidh an ionsaí ar bheairic an RUC in Iúr Chinn Trá. Ag an am sin d'admhaigh Stát-Rúnaí an Tuaiscirt, Douglas Hurd, gur beag an tábhacht a bhí le haontas polaitiúil i gcomparáid leis an ghá atá ann Óglaigh na hÉireann a scrios. 'Polasaí folláin slándála' an mana a chum sé don dearcadh seo.

Is soiléire ná ariamh nach mbeidh de bhaint ag Rialtas na 26 Chontae le 'ceist an Tuaiscirt', dar leis na Briotanaigh, ach a bheith mar phóilíní ag Thatcher. Mar sin cuirfear leis an gcos ar bolg a imrítear ar Phoblachtánaigh ó dheas ach beag an baol go dtuillfidh a bpolasaí smachta sna 26 Chontae géilleadh bunreachtúil ó Shasain.

Is cuma cé mhéad uair a bhriseann FitzGerald no a chomhaltaí a gcosa ag rith i ndiaidh Rialtas Westminster (díreach mar tharla i gcás an chuntais bainc san Uaimh) níl le tairscint ag Thatcher dóibh ach role slándála.

'Siad na módhanna a úsáidfear ag Rialtas na Breataine ina n-iarrachtaí le Óglaigh na hÉireann a bhriseadh ná na módhanna sciúrsála sin a bhfuil seanchleachtadh ag an phobal náisiúnach orthu: seó thriallacha, Comhthionól Stormont, an polasaí scaoil-le-marú, cur ó dhoras Shinn Féin agus gnáthchiapadh na cosmhuintire.

Is cinnte nach aon dea-chomhartha do phobal na tíre seo é mar sin straitéis mharfach Rialtas na Breataine in Éirinn ■



# Fear a thuill meas

LE MÁIRÍN NÍ RIAIN

**IS iomaí páirt a ghlac Sean Mac Ghiolla Bhríde in imeachtaí an domhain. Tá a ainm in airde mar fhear a sheas do chearta an duine agus mar fhear atá ag iarraidh an domhan seo a shábháil óna scrios i gcogadh eithneach. Iar óglach é a throid ar son saoirse na hÉireann ina óige agus tá sé ag éileamh go dtabharfaí an saoirse sin dúinn go fóill.**

Chuaigh mé chun cainte leis le déanaí agus fear lách is ea é. Labhair sé ar a shaol agus ar a shaothar agus ar a thuairimí agus cé go bhfuil go leor difríochtaí eadrainn is fiú go mór éisteacht leis.

Creideann sé go láidir go bhfuil an domhan i mbaol a scriosta de bharr an rás armála atá faoi lán tseol. *"Ní ga"* ar sé *"ach carráid tuisceana, míthuairimíocht, faillí nó gealt éigin a bheith sa rialtas chun go dtosódh an cogadh. Agus is fíor go raibh gealta i gceannas ar rialtais.*

*"Ní hamháin sin ach tá an seans ann i gcónaí go n-éireoidh le taobh amháin nó leis an taobh eile arm a chruthú a bheidh gan fhreagra. Ansin is féidir a shamhlú oifigigh cheannais arm Mheiriceá nó a macasamhail sa Rúis ag dul chun cainte lena rialtas agus ag rá leo go mbeidh deireadh leo laistigh de thrí mhí mar go mbeidh an ceannas ag an taobh eile. Agus molfaidh siad an cogadh a thosach láithreach chun go mbeadh seans acu."*

Creideann Mac Ghiolla Bhríde go bhfuil an chuid is mó den milleán mar gheall ar seo ar Rialtas Mheiriceá agus an *coimpléasc tionsclaíochta agus míleata* atá taobh thiar de. *"Tar éis an tsaoil"* deir sé *"ta a fhios ag na Rúisigh cad is cogadh ann mar d'fhulaing siad go mór i gcogadh cheana. Chaill siad tríocha milliún duine sa chogadh domhanda deireannach."*

**CREIDEANN sé go bhféadfadh Éire i bhfad níos a mhó a dhéanamh chun dí-armáil a thabhairt i gcrích.** *"Ba chóir d'Éirinn seasamh leis na tíortha nach bhfuil ailínithe leis na cumhachtaí móra.*

*"Ní hamháin nach bhfuil stát na sé chontae fichead sásta an seasamh sin a ghlacadh ach níl siad fiú ceangailte le náisiúin neodracha sna Náisiúin Aontaithe. Le scéal olc a dhéanamh níos measa, vótáil ionadaithe na sé chontae fichead i gcoinne rúin a tháinig on mbloc neodrach sin."*

D'fhéadfaí an domhan a chur ina ceart, dar leis agus deireadh a chur le gorta agus bochtaineacht, dá n-úsaidfí an t-airgead atá á chaitheamh anois ar airm ar mhaithe le daoine. De réir na staitistic is déanaí tá 1.7 milliún dollar a chaitheamh ar airm gach nóiméad.

Ghoill sé ar Mhac Ghiolla Bríde a chloisteáil go raibh Seamas Ó Mealláin de chuid an SDLP ag moladh go rachadh Éire isteach i NATO dá mbeadh saoirse le fáil againn. *"Is dóigh liom gur chóir dúinn diúltú páirt ar bith a ghlacadh in eagraíocht atá ag bagairt deireadh a chur leis an domhan. Chomh maith le sin tá NATO ag feidhmiú i gcoinne leas náisiúnta na hÉireann. Mar shampla tá NATO ag comhoibriú leis an Aifric Theas. Níor chóir dúinn aon pháirt a bheith againn le NATO."*

Ó thaobh an CEE dó is dóigh leis go bhfuil se in am againn a aistharraingt



● Saighdiúirí NATO

amach as. Aimsir an reifrinn bhí sé i bhfábhar dul isteach sa CEE. Theastaigh uaidh go n-éalódh Éire óna bheith ag brath ar mhargaidh Shasana. Ach anois tá sé den tuairim go bhfuil an chuid is mó den dí-fhostaíocht atá sa tír seo ann de thairbhe an CEE. Ar ndóigh, tráth an reifrinn dúirt Gluaiseacht na Poblachta gur sin a thárlódh.

Ó thaobh saoirse na hÉireann de, aithníonn se gurbh í an Bhreatain an constaic is mó atá ag cosc athaontú na tíre. *"Tá fuath d'Éirinn i measc uasaicme na Breataine mar chuireann siad an milleán orainn de bhrí gur chaill siad a n-impireacht agus tá an fuath sin ann go fóill."*

Ní aontaíonn sé leis an gcogadh atá á chur ag Óglaigh na hÉireann ar fhórsaí na Breataine. Dar leis go bhféadfaí athaontú na hÉireann a bhaint amach tré ghníomhú síochánta. Chomh maith le sin creideann sé nach féidir an cogadh a chosaint ar bhonn an oilc atá sna sé chontae mar nach bhfuil cúrsaí chomh holc sin le go mba gá an lámh láidir a úsáid. Tuigeann sé d'Óglaigh na hÉireann ach ní aontaíonn sé leo.

Ar ndóigh nuair a bhí seisean sa rialtas sna sé chontae fichead níor éirigh leis, ná an rialtas ina raibh sé páirteach, athaontú na hÉireann a thabhairt i gcrích. Tá teipthe ar gach iarracht shíochanta a deineadh, mar briseadh iad ar neamhghéilliúlacht na Breataine bogadh ar an gceist.

'Sé an taon fath go bhfuil brú ar na Briotanaigh anois ná go bhfuil Óglaigh na hÉireann ag cur chogaidh orthu.

**CHÁIN sé na breithiúnais a tugadh i gcásanna Dominic McGlinchey agus Séamas Shannon. Dúirt sé gur thaispeáin na breithiúnais sin gur imigh An Chúirt Uachtarach ós na geallúintí bunreachtúla a tugadh, dar leis, nuair a ghlacamar leis an mbunreacht.** *"Lig na giúistísí don stát iad a úsáid mar chuid de mheicníocht an stáit.*

*"Ó dheireadh na haoise seo caite glactar leis nach ndéantar daoine a eiseachadadh do choireanna polaitiúla ach amháin nuair is iarracht ar cheannaire an stáit a mharú a bhíonn i gceist. Fiú ag deireadh an chogaidh chathardha dhiúltaigh breithimh an tSaor Stáit daoine a eiseachadadh ó thuaidh."*

Tá Garret FitzGerald faoi thionchar na Sasana dar leis. Creideann sé leis go bhfuil spiairí na Sasana gníomhach sna sé chontae fichead.

Seasann sé i gcoinne polasaí Rialtas na sé chontae fichead dul i muinín cur faoi chois mar fhreagra ar fhadhb na críochdheighilte. Is gá an fhadhb a réiteach, seachas na torthaí a thagann de bharr na faidhbe a ionsaí.

Sular fhág me é d'fhiafair mé de cad é an fáth nár fhoghlaim sé féin an Ghaeilge ariamh.

Aithníonn sé anois gur dhein sé botún ó thaobh na Gaeilge de, nár aithin sé an tábhacht a bhaineann leis an teanga agus deir sé go bhfuil brón air mar gheall ar sin. Míníonn sé gur gléas fíorthábhachtach is ea an teanga le meanma agus idéalachas an phobail a neartú agus go bhfuil an meanma náisiúnta in ísle bhrí faoi láthair.

*"Is dóigh liom go ndeinimid aithris ar na gnéithe is measa de chóras cóilíneach na Breataine uaireanta."* ■



# Dosaen leabhar nua

## Taighde:


Nollaig Ó Gadhra, **Guth an Phobail** (Foilseacháin Náisiúnta Teo.).
Áine Ní Cheanainn, eag., **Leon an Iarthair** (An Clóchomhar).
Liam Ó Caithnia, **Báirí Cos in Éirinn** (An Clóchomhar).
Pádraic Ó Gaora, **Sárchluichí le Sárimreoirí** (Foilseacháin Náisiúnta Teo.).

## Prós Cruthaitheach:

Beairtle Ó Conaire, **An Fête agus Scéalta Eile** (Clódóirí Lurgan).
Séamas Mac Annaidh, **Cuaifeach mo Lon Dubh Buí** (Coiscéim).
Peadar Ó Ceannabháin, eag., **Éamonn a Búrc: Scéalta** (An Clóchomhar).
Micheál Ua Ciarmhaic, **Cliathán na Sceilge** (Coiscéim).

## Filíocht:

Seán Ó Luing, **Déithe Teaghlaigh** (Coiscéim).
Aodh Ó Murchú, **I dTreo na Carraige** (An Clóchomhar).
Pádraig de Bhál, **Páipéar na Maidine** (An Clóchomhar).
Ciarán Ó Coigligh, **Noda** (Coiscéim).



● *Marita Ann – smuigleáil cáinte ag Dick Spring*

# Truailliú na staire


LE DEIRDRE NIC AN TSAOIR

**TÁ sé ráite go mion minic go mbíonn dhá insint ar gach scéal agus dhá ghabháil déag ar gach amhrán agus ní haon bhréag é a rá go bhfuil iarrachtaí sa bhreis air sin déanta ag foireann bolscaireachta na Sasanach, an dubh a chur ina gheal orainn go háirithe le blianta beaga anuas.**

Cáintear gach laoch d'ár gcuid ón bPiarsach féin go Bobby Sands agus is beag de chur isteach a dhéanann sé sin ar Rialtas an tSaorstáit fiú nuair a thugann buíon armtha RUC faoi shocraid dhuine a fuair bás 's é ag troid ar son na saoirse.

Ní hamháin gur masla dúinne é aisiompú a dhéanamh ar stair ár dtíre ach táthar ag maslú na nglúnta ar fad a d'imigh romhainn ó Cath Chionn tSáile go hÉirí Amach 1798 go 1916 agus iad siúd a d'éag i gCogadh na nDúchrónach 1919-1921 agus ó shin i leith. Tá a fhios againn go bhfuil dornán léachtóirí ollscoile maille le droch staraithe á dhéanamh seo le blianta fada agus ní haon ionadh é sin nuair a chuimhnímid go mbaineann a bhformhór le haicme gallda a tháinig chun cinn faoi réim na nGall agus nár dheineadar féin ná a muintir rompu aon iarracht riamh deireadh a chur le ceannas na Sasanach ar an dtír seo, sa tuaisceart nó sa tSaorstát.

Is fíor a rá go raibh muintir Ghearóid



●*An Aud- smuigleáil molta ag Dick Spring*

Mhic Gearailt, sa GPO i 1916, ach má bhí féin is fada uaidh a mhac atá ag comhoibriú i ngach slí is féidir leis leis an dream céanna a bhí ag scaoileadh piléir lena athair agus atá fós a scaoileadh lenár muintir ó thuaidh.

Ní leor dóibh comhoibriú a bheith eatarthu, deineann siad an fhírinne a cheilt ar an bpobal trí *Section 31* a chuir i bhfeidhm, ach ní leor seo dóibh, is gá dóibh ionsaí a dhéanamh ar ár stair. Deireann FX Martin, agus a leithéidí, go poiblí nárbh ionradh ceart nó fiú ionsaí a bhí in ionradh na Normánach ar Éirinn i 1167, toisc gur tugadh cuireadh dóibh. Is dócha freisin gur ar laethanta saoire a chuaigh na hIarlaí i 1607.

In aineoinn a gclaondhearcaidh ar an stair ní miste le polaiteoirí an deiscirt comóradh a dhéanamh nuair a oireann sin dóibh chun dallamullóg a chur ar an bpobal faoi bhunadh a bpáirithe agus faoi fíor nádúr troid agus bás ár laochra nuair a bhíonn cúpla vóta de dhíth orthu.

**Ní fada ó chonaiceamar Dick Spring ag tabhairt óráide ag léacht cuimhneachán Ruaidhrí Mhic Easmainn i gCiarraí an lá ina dhiaidh don** *Marita Ann* **a bheith gafa agus a fhoireann seolta agus daortha chun príosúin ag a rialtas . Ar an ócáid úd dúirt se** *"in 1916 the vast majority of people in this country gave validity to what was happening, but that is not the case in 1984 when they have rejected violence."*

Tá a fhios ag gach stairí agus ag an bpobal uilig gur a mhalairt atá fíor 'Sé atá fíor ná: i 1916 agus na hÓglaigh á ndíbirt go Sasana gur ag caitheamh seile agus maslaí leo a bhí pobal na hÉireann. I 1984 bhí tacaíocht leathan ó phobal na hÉireann ag Gluaiseacht na Poblachta sna toghacháin, agus dá bhrí sin níl inar dhúirt Dick Spring ach

bréag agus masla.

Ar an 26ú de mhí Lúnasa na bliana seo caite chuir an tAire Dlí agus Cirt Mícheál Noonan carachtar Mhíchíl Uí Choileáin ós ár gcomhair mar dhuine gur chóir dúinn go léir aithris a dhéanamh air. Ach ní hamhlaigh a bhí i gceist ag an Aire go ndéanfaimis aithris ar an gCoileánach toisc go raibh sé ar an mbeagán i gCeann Áras na nÓglach a d'aontaigh ó thús le beairicí RIC a ionsaí; ná toisc gurb é a thug ordaithe spiadóirí Sasanacha a chur chun báis ná toisc gur thúg sé órdaithe oifigí an *Irish Independent* a scrios; ná toisc gur thug sé ordú go gcuirfí Sir Henry Wilson chun báis i Londain i ndiaidh na gcainteanna i 1921.


An chúis a bhí ag Mícheál Noonan lena leithéidí a rá ná gurb duine síochánta é an Coileánach agus nár leasc leis glacadh leis an bóthar bunreachtúil. Ach ní bóthar bunreachtúil a ghlac Ó Coileáin agus é ag ionsaí fórsaí na Poblachta i 1922 agus é ag tacú leis an masla de shocrú a bhí sé tar éis teacht air leis an mBreatain.

Fuair Mícheál O Coileáin bás in éide i 1922, bás síochánta mar dhea! An cheist atá agam do Mícheál Noonan ná; ar chóir dúinn aithris a dhéanamh ar a chuid teipeanna nó ar a chuid buanna; na teipeanna bunreachtúla nó a bhuanna míleata?

Mí ina dhiaidh sin ag labhairt dó ar ITV dúirt Gearóid Mac Gearailt go raibh timpiste áirithe i gceist i bhfoclaíocht Bhunreacht an tSaorstáit; míreanna 2 agus 3 a bhí i gceist aige. Cúl le cine eile é seo a chuireann leis an gcur i gcéill nár bhain Mhuintir na hEireann leas riamh as an láimh láidir in aghaidh a namhaid agus go bhfuil sé mí-mhórálta úsáid a bhaint as faoi láthair. Ceist agam do Gearóid Mac Gearailt, nach bhfuil sé mí-mhórálta neamhshuim a dhéanamh de cheist an tuaiscirt le breis 's seasca bliain agus gan faic a dhéanamh chun fíor shaoirse cultúrtha, eacnamaíoch agus polaitiúil a bhaint amach.

**AR 18ú Deireadh Fómhair dúirt Jack Lynch ag comóradh Sheáin Uí Threasaigh,** *"let them (the IRA) turn away from violence and follow the path of men like Liam Lynch, Sean Moylan, Dan Breen and others to seek tremendous progress and lasting peace. I'm sure that had Sean Treacy survived he too would have sought the constitutional and peaceful way towards the re-unification of our people."* **Ach taispeánann fíricí na staire a mhalairt de scéal.**

Bhí Dan Breen agus Seán Ó Treasaigh



● FX MARTIN



● LIAM Ó LOINSIGH

páirteach sa ruathar i Solohedbeg in Eanáir 1919 in ar maraíodh an chéad bhall de na fórsaí ansmachta ó 1916 ní raibh tacaíocht le fáil acu óna polaiteoirí ag an am sin; bhíodar beirt freisin in ionsaithe ar fud na tíre le linn Cogadh na nDúchrónach. Bhí Seán O Maoileáin agus Liam Ó Loinsigh páirteach i bhfuadach Brigadóir Ginearal Lucas agus bhí Ó Loinsigh ina cheannfort ar Bhriogáid Uimhir 2 i gCorcaigh Thuaidh.

Níor lean Liam Ó Loinsigh, Seán Ó Maoileáin nó Dan Breen an bóthar bunreachtúil le linn an Chogaidh Chathartha, cogadh in ar maraíodh Liam Ó Loinsigh (fíric de réir cosúlachta nach raibh ar eolas ag Jack Lynch). I ndiaidh an chogaidh sin, ghlac an bheirt eile páirt i bpolaitíocht bhunreachtúil, ach tamall sula b'fhuair sé bás dúirt Dan Breen go poiblí gur thacaigh sé le hÓglaigh na hÉireann sa troid i gcoinne na mBriotanach. Más fir síochánta ánta agus bhunreachtúla iad siúd is daoine síochanta agus bunreachtúla iad Óglaigh na hÉireann choíche.

An mhí d'ár gcionn ar clár teilifíse (Trom agus Éadrom) lean Jack Lynch



● MÍCHEÁL NOONAN

ag maslú ár laochra: *"Terence Mac Sweeney was the epitome of the fight for freedom through peaceful means as was Thomas Mac Curtin."*

Ach arís breagnaíonn fíricí staire an masla seo, b'é Tomás Mac Cuirtín ceannfort na nÓglach i gCorcaigh i 1916, ghlac sé páirt sna hionsaithe ar Lord French agus beairicí an RIC, b'é Traolach Mac Suibhne an leascheannfort de Bhriogáid Uimhir 1 agus níos déanaí ar leaba a bháis dúirt sé *"I die a soldier of the Irish Republic."*

**THUG gach uile duine dóibh siúd agus na mílte eile nach iad lán tacaíocht don chogadh armtha a bhí ar bun ag Óglaigh na hÉireann ó 1916 ar aghaidh agus an freagra a fhaigheann said na maslaí ó pholaiteoirí an tSaorstáit a bhíonn ag ligint orthu gur á gcomóradh a bhíonn siad agus iad á maslú.**

Níl eagla roimh ár stair orainn i nGluaiseacht na Poblachta agus ní gá dúinn truailliú a dhéanamh chun dlisteanacht a fháil d'ár seasamh polaitiúil agus míleata tá an dlisteanacht ann cheana dúinn; ón ár laochra marbh agus arm iasachta bheith fós sa tír. Níl muid ar nós na bpolaiteoir Saorstátach, sásta maslaí nó clúmhilleadh a dhéanamh ar chuimhní laochra na hÉireann, tríd a bprionsabail a smáladh agus iad a chaitheamh uainn.

Tá an seasamh céanna ag Gluaiseacht na Poblachtach 's bhí ag ár sinsear agus ár reamhtheachtairí i 1919-1923, i 1916, ag na Fíníní, i 1848-1859, i 1803, i 1798 agus ag gach Éireannach a ghlac píce nó Armalite ina lámh chun ruaig a chur ar na hallúraigh ó ghach gné dár saol.

Tá sé de cheart mórálta agus sibhialta ag gach Éireannach aon ghléas ar féidir a úsáid a ghlacadh chuige féin chun fórsaí an Impiriúlachais a ruaigeadh ó chóstaí na hÉireann■

# Súil thart

SAN ALT seo tá cur síos ar chuid de na himeachtaí is suntasaí dár thit amach i saol na Gaeilge le tamaillín anuas. Is comhartha iad na blúirí nuachta seo den bhorradh atá faoi chúrsaí na teanga ar fud na tíre. Más maith leat go ndéanfaí tuairisc amach anseo ar aon imeacht i do cheantar féin seol an t-eolas chuig *SAOIRSE*.

## Nuacht............Agóid

BA Í príosúntacht Phroinsias Uí Mhianáin scéal mór na Gaeilge ag tús na bliana. Gearradh téarma príosúntachta dhá mhí ar an Mhianánach i gCúirt Dúiche an Bhuna Bhig i nGaeltacht Thír Chonaill siocair agóid a rinne sé in aghaidh úsáid an Bhéarla ag an aifreann i séipéal an pharóiste i gCnoc Fola.

Ní raibh an Mianánach i láthair nuair a ciontaíodh é agus tharraing an t-ionsaí a rinne an Giúistís Nielan ar a charachtar ag an am áird na tíre ar an chás. I gcás eile an lá céanna scaoileadh saor ógánaigh a rinne ionsaí ar Phroinsias tamall roimhe sin.

Chuaigh Proinsias ar céalacan i bPriosún Mhuinseó agus bhí dhá chloch caillte aige nuair a scaoileadh saor é i ndiaidh coicíse. Thacaigh Sinn Féin leis na hagóidí ar son an Mhianánigh le linn dó a bheith faoi ghlas agus sheol Gearóid Mac Ádhaimh sreangscéal chuige ag tréaslú leis nuair a scaoileadh saor é.

Ar an 25ú lá Feabhra cuireadh an tUasal Cairbre Ó Ciardha chun príosúin ar an ábhar gur dhiúltaigh sé ceadúnas teilifíse a cheannacht mar agóid in aghaidh frithghaelachas RTÉ. Ligeadh cead a chinn leis i ndiaidh thrí lá.

## Nuacht...........An tIúr

**D'FHÓGAIR Conradh na Gaeilge in Iúr Chinn Trá i Mí Eanáir go raibh rún acu dúshlán an achta a choscann sráidainmneacha Gaeilge sa Tuaisceart a thabhairt ag Cúirteanna na hEorpa. Cháin siad an dlí de chuid Stormont agus dúirt gur masla don phobal Ghaelach a bhí ann.**

**Tá súil ag Gaeil an Iúir go mbeidh naíonra ar an bhaile i Mí Meán Fómhair seo chugainn. Tá cúig rang ag Sinn Féin i mbailte cóngarach don Iúr.**

## Nuacht.....Oideachas

I MÍ FEABHRA bunaíodh Comhchóiste na Naíoscoileanna Gaelacha sa Tuaisceart le ceangal a dhéanamh idir na naíonraithe i mBéal Feirste agus i nDoire agus le naíoscoileanna úra a bhunú.

Dúirt urlabhraí thar cheann an ghrúpa úir go gcuirfidh siad brú ar an Roinn Oideachais airgead a sholáthar do na naíonraithe Ghaeilge.

Ag bronnadh duais-airgid Ghlór na nGael ar shé ghrúpa éagsula Gaeilge i mBéal Feirste i Mí na Samhna 1984 dúirt an Teachta Parlaiminte Gearóid Mac Ádhaimh go bhfuil 63 rang Gaeilge faoi bhláth sa chathair. Sí an chéad chéim eile meánscoil Ghaeilge a bhunú. Ach is fada, ar seisean, go mbeidh an tsaoithúlacht Ghaelach againn i leaba cultúir an Choca-Cola.



● *Bronnadh Ghlór na nGael i mBéal Feirste*

Roinneadh an duais-airgead idir naíoscoileanna Chill Uaighe agus Ard Eoin, Roinn Chultúir Shinn Féin a bhfuil 20 rang Gaeilge ar siúl acu i mBéal Feirste, an nuachtán laethúil, *LÁ*, Conradh na Gaeilge agus An Scoil Ghaelach.

## Nuacht......Leabhrán

**TÁ SINN FÉIN i mBéal Feirste i ndiaidh leabhrán a fhoilsiú ar Fhoghlaim na Gaeilge.**

**Leabhrán dhátheangach atá ann agus tugann sé cur síos iomlán ar na díospóireachtaí agus cainteanna ag seimineár do dhaoine a bhí ag foghlaim na teanga a tionóladh i mBéal Feirste i Mí na Bealtaine 1984.**

**Chomh maith le réamhrá ó Oifigeach Cultúir an pháirtí, Máirtín Ó Muilleoir, tá óráid ann ó Phádraig Ó Maolchraoibhe, ball de Shinn Féin agus Cathaoirleach ar Scoil Ghaelach Bhéal Feirste.**

**60p a luach agus tá sé ar fáil ó Joe Austin, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.**

## Nuacht......Lóchrann

BHÍ AN borradh faoin Ghaeilge sna Sé Contae faoi thrácht ar *Spotlight*, clár cúrsaí reatha an BBC, i Mí Eanáir. I measc na ndaoine ar cuireadh agallamh orthu bhí Albert Fry ó Chumann Chluain Ard, Gearóid Ó Caireallain, Eagarthóir *LÁ*, Anna Nic an Iolair, Príomh-oide Scoil Ghaelach Bhéal Feirste agus urlabhraithe thar cheann Shinn Féin, an SDLP agus an OUP.

De réir léiritheora an chláir tá idir 30,000 agus 60,000 cainteoir líofa Gaeilge sa Tuaisceart – ina measc 200 cime sa Cheis Fhada a bhain amach fáinní le blianta beaga anuas.


Creidtear gur toradh ar dhianobair agus feachtas poiblíochta *Meán*, brú-ghrúpa ar na meáin chumarsáide, clár seo an BBC. Tá an coiste, a bunaíodh i Mí Meán Fómhair 1984 ag gníomhú leis agus bhuail toscaireachtaí ón eagras leis an UTV agus leis an BBC. Tá ráite go poiblí ag Cathaoirleach *Meán*, Gearóid Ó Caireallain, gur mhaith leis an eagras raidío Gaeilge a bhunú i mBéal Feirste.

## Nuacht.........Coláiste


**THÁINIG breis agus daichead duine le chéile sa tSean Mhuileann i Sráid Mhic Con Midhe Dé Sathairn 9 Feabhra don chéad 'Mhini-Choláiste' Ghaeilge ariamh in Iarthar Bhéal Feirste.**

**Ba é le cuidiú Dhomhnaill Uí Lubhlaí a d'eagraigh Roinn an Chultúir de Shinn Féin an cúrsa lae.**

**D'éirigh go sármhaith leis an lá iomlán de ranganna, díospóireachtaí agus imeachtaí eile foghlama. Beidh an chéad mhion-choláiste eile ann i Mí Aibreán.**



● *Lucht agóide taobh amuigh den Ard-Chúirt i Swakopmund le linn trialach i 1976*




# An Namaib
## –an saoirse a thiocfas

LE DÓNALL Ó DUFAIGH

**TÁ an Namaib suite in Iardheisceart na hAfraice agus tugtar an Afraic Thiar Theas mar ainm uirthi go minic go fóill – in ait An Namaib. Is beag duine sa tir seo againne nár chuala iomrá ar SWAPO, an mhórghluaiseacht chun An Namaib a shaoradh ó impiriúlachas Phoblacht na hAfraice Theas, agus tá a fhios againn go gciallaíonn na ceannlitreacha sin *'South West African People's Organisation'*.**

Baineann an ghluaiseacht sin úsáid as an Bhéarla – teanga an impíriúlachais – mar lingua Franca, mar labhrann daoine dubha na tíre leathdhosaen de theangacha éagsúla – cé go labhrann níos mó ná leath acu teanga amháin, Ovambo. Mar chuid den sean-nós impíriúlach *'divide et impera'* (tarraing imreas agus rialaigh) ba mhaith le Poblacht na hAfraice Theas a chur in iúl gur ghluaiseacht Ovambo, SWAPO, rud nach bhfuil fíor, mar tá sé soiléir go dtacaíonn tromlach na ndaoine dubha sa tír – agus tá 93% de mhuintir na Namaibe dubh – le SWAPO, is cuma cén tréibh arbh as iad.

San am i láthair tá an tír ina cóilíneacht ag an Afraic Theas agus an Afracánais, canúint seanaimseartha den Ollannais a thug muintir na tíre sin leo nuair a thosaigh siad ag cóilíniú Deisceart na hAfraice ins an 17ú haois, mar theanga oifigiúil ag an Rialtas. Tá oifigiúlacht áirithe ag an Ghearmáinis nach labhrann ach 20,000 de mhuintir na Namaibe agus ag an Bhéarla nach labhrann ach 8,000. Ní gá a rá nach bhfuil Ovambo, a labhrann ¾ milliún, oifigiúil.

Téann Tropaic an Ghabhair fríd cheartlár na Namaibe. Tír ollmhór atá inti (824,295 ciliméadar cearnaithe) – níos mó ná An Fhrainc, Sasana, Albain agus Cymru curtha le chéile, ach níl de dhaoine ann ach 1½mhilliún. Cad chuige an bhfuil an daonra chomh beag sin? Tá 50% den tír ina fásach agus níl ach 2% fóirsteanach do bharra. Ar an chósta tá Gaineamhlach na Namaibe.

Tá lár na tíre ard (4,000 troigh mar mheán) agus is beag fearthainn a thiteann ann, ach is féidir ba agus caoirigh a choinneáil ansin agus seo an áit is mó ina bhfuil feirmeacha móra ag na daoine bána. Ach is mianraí (diamaint, copar, luaidhe, sinc, úráiniam) is mó a mhuscail saint na hAfraic Theas agus na hollchomplachtaí idirnáisiúnta.


**NA SAN, a bhfuil dath crónbhuí orthu, an chéad threibh a chónaigh ins An Namaib. Bhí ainmhithe allta na**

hAfraice fliúrseach sa tír ag an am agus ba shealgairí iad. Ina dhiaidh sin bhog na Nama, dream níos airde, a raibh eallach agus gabhair acu, isteach fosta. Ó thaobh antraipeolaíochta de ba chol ceathracha na Nama seo, agus na San. Ina dhiaidh sin arís bhog fir dhubha a bhí níos airde fós síos ó chroí na hAfraice, na hOvambo, a raibh eallach acu agus a chuir arbhar indiach, agus lean na Herero iad seo agus na mílte de bha fadadharcacha leo.

Bhí treibheanna eile ann fós dála na Damara a labhrann na Nama. Go luath sa 19ú haois brúíodh dream amháin de na Nama, na hOrlann, ar ais ó Rinn an Dóchais. Bhí cuid mhaith acu seo a raibh Ollannais acu cheana agus a bhí ina gCríostaithe. Tamall ina dhiaidh sin brúíodh ar ais na Baster agus, mar is léir ón ainm – a bhfuil siad bródúil as – ba mheascán iad (d'fhiul Nama agus Ollannach).

Sa tír mar atá sí inniu, tá grúpaí eitneacha eile fosta, dála na hOkavanga is na Tswana ach is minic na treibheanna gaolta le chéile agus is de shliocht níos mó ná treibh amháin a lán acu. Athníonn siad iad féin mar mhuintir na Namaibe agus tugann an chuid is mó acu tacaíocht do SWAPO.

Ní raibh daoine bána ar bith sa tír roimh an 19ú haois. Roinnt feirmeoirí de shliocht Ollannach a bhog isteach ar dtús, chomh maith le lucht trádála ó Rinn an Dóchais agus misinéirí Gearmanacha is Fionlannacha.




I 1878 Ghabh na Sasanaigh Bá Walvis an t-aon chuan maith amháin atá ar chósta na Namaibe. Bhí an Ghearmain mall go leor ins an rása mire a rinne tíortha na hEorpa chun slad a dhéanamh ar Mhór-Roinn na hAfraice, an talamh a roinnt eatarthu is a ghoid, ach ag Comhdháil Bheirlín i 1885 tugadh an Afraic Thiar Theas di.

Níor éirigh leis na Gearmánaigh riamh smacht a chur ar Thuaisceart na tíre mar ba phobal mór na hOvambo – agus bhí gunnaí acu! Ghlac sé níos mó na fiche bliain seilbh a ghlacadh ar thalamh na Herero agus na Nama agus leis sin a dhéanamh, mharaigh siad níos mó ná an trí cheathrú cuid de na daoine dubha seo agus thug siad gach cineál drochíde dóibh siúd a mhair beo sna blianta ina dhiaidh sin. Bhí mianaigh copair agus luaidhe oscailte cheana féin, nuair a thangthas ar dhiamaint i 1908!

Mhair na Gearmánaigh i réim – 'coimirceas' a thug siad air – go dtí gur chaill siad an Chéad Chogadh Domhanda. Ag deireadh an Chogaidh cuireadh Conradh na Náisiún ar bun agus i 1920 cuireadh an Namaib faoi Shainordú Rí Shasana ach gur socraíodh go ndéanfadh Poblacht na hAfraice Theas an obair ar a shon. De réir focail an tSainordaithe bhí leas agus forbairt na ndaoine mar *'dhualgas naofa doshéanta na sibhialtachta'*. De réir na téarmaí fosta bhí an Chumhacht Shainordaitheach chun a coimircí a dhéanamh réidh do shaoirse féinrialaithe agus bhí sé toirmiscthe ar an Chumhacht brabach ar bith a dhéanamh as a ceartaí riaracháin.

Ach in áit seo uilig, bhog siad níos mó daoine bána isteach (Afracánaigh on Afraic Theas agus Gearmánaigh ach go háirithe). Thug na daoine dubha dhá iarracht ar éirí amach ina n-éadan i 1922 agus maraíodh 100 acu.

**RUAIR a chríochnaigh an Dara Cogadh Domhanda cuireadh Eagraíocht na Náisiúin Aontaithe ar bun in áit Chonradh na Náisiún. Thug na Náisiúin Aontaithe 'Riarthóireacht' do Phoblacht na hAfraice Theas ar An Namaib (ach ar an acht go mbeadh saoirse féinrialaithe acu, chomh luath agus a bheidh siad réidh fána coinne). D'iarr Príomhaire na hAfraice Theas, an Ginearál Smuts cead,**



● *Ionsaíonn na póilíní cruinniú poiblí SWAPO i Windhoek*



● Plód-Uaigh i Kassinga do dhídeanaí a dhúnmharaigh arm na hAfraice Theas

**An Afraic Thiar Theas a ghabháil. Diúltaíodh dó.**

Ach i 1948 nuair a bhain Páirtí Náisiúnta na nAfracánach an toghchán i bPoblacht na hAfraice Theas, dúirt siad nach raibh sé de cheart ag na Náisiúin Aontaithe cur isteach ar rialú s'acu féin ar an Afraic Thiar Theas agus rith siad bille i bpárlaimint s'acu a thug cead do dhaoine bána na hAfraice Thiar Theas, sé theachta a chur chuig Theach Parlamainte na hAfraice Theas i bPretoria. Ar an bhealach seo bhí siad ag déileáil leis An Namaib mar a bheadh cúige eile de Phoblacht na hAfraice Theas ann. An bhliain ina dhiaidh sin, 1949, chuir muintir na Namaibe a gcéad iarratas isteach chuig na Náisiúin Aontaithe ag iarraidh orthu deireadh a chur le riail na hAfraice Theas ins An Namaib.

Ó na caogaidí ar aghaidh tá Rialtas na hAfraice Theas ag cur i bhfeidhm ins An Namaib an córas cinedheighilte atá acu féin i bPoblacht na hAfraice Theas.

Nuair a bhí ceantar ar bith di dhíth ar na daoine bána le haghaidh forbairte, bhog na péas na daoine dubha.

An 10ú lá de Mhí na Nollag 1959 nuair a chuaigh na péas isteach leis na daoine dubha a bhogadh ó imeall na príomhchathrach Windhoek go dtí áit nua (Katutura) giota maith ón chathair ina mbeadh na daoine dubha roinnte de réir treibheanna — mar is cuid bhunúsach den chinedheighilt sin fosta — mharaigh siad 11 duine. Theagaisc oíche sin an úafáis a lán do mhuintir dhubha bhruachbhaile na mbothán.

**I 1960 cuireadh an eagraíocht SWAPO ar bun i measc oibrithe ón Namaib a bhí ar an imirce i gCape Town i bPoblacht na hAfraice Theas. Anois, 25 bliain i ndiaidh na bliana úd, 'sí an eagraíocht pholaitíochta is mó san Namaib. Tá oifigí acu i ndeichniúr de mhór-phríomhchathracha an domhain. Aithníonn an Eagraíocht um Aontacht na hAfraice iad agus thug ionadaí SWAPO fianaise d'Eagraíocht na Náisiúin Aontaithe.**


Ó 1962 go dtí 1964 shuigh coimisiún Odendall (faoi Rialtas na hAfraice Theas) ins an Namaib, agus mhol siad polasaí na mBantustán sé sin ceantar beag bocht éigin a thabhairt do ghach treibh, ag rá gur b'shin an áit arbh as an treibh sin ó thus agus an chuid is mó den tír — agus cinnte cuid ar bith ina raibh talamh réasúnta nó saibhreas de chineál ar bith — a choinneáil do na daoine bána. Tosaíodh ar sin a chur i gcrích agus cé gur éiríodh as 'go hoifigiúil' ina dhiaidh sin, tá sé á chur i gcrích go dtí an lá atá inniu ann.

Níl cead ag duine dubh bheith taobh amuigh da Bhantustán féin ach amháin nuair a bhíonn conradh oibre aige a chuideoidh le córas na ndaoine bána sa tír. Ansin níl cead aige bean ná clann a thabhairt leis agus bíonn air baint faoi i mbrú ollmhór aonghnéasach, cóngarach don obair, ach fada go leor ó na daoine bána. Tá na hoibrithe seo riachtanach ag an Chóras Bhán agus sin ceann de na fáthanna go bhfuil na Bantustáin uilig, cúng, gan mhaith, sa chruth's nach dtig leis na daoine bheith beo iontu agus go mbeadh ar na fir imeacht ag cuartú oibre, ar dhrochphá, leis an Chóras Bhán a choinneáil ag dul.

I 1966 tharraing na Náisiúin Aontaithe siar an Sainórdú ar An Namaib a bhí ag An Afraic Theas ó laethanta Chonradh na Náisiún agus d'órdaigh dóibh an tír a fhágáil. Dhiúltaigh An Afraic Theas glacadh le tarraingeadh siar an tSainórdaithe, agus fuair siad tacaíocht ó roinnt bheag tíortha, Sasana ina measc.

**I 1966 cuireadh tús le roinn mhíleata SWAPO (PLAN — *People's Liberation Army of Namibia*) agus tá siad ag cur treallchogaidh ar arm na hAfraice Theas ins an Namaib ó shin, go háirithe i dtuaisceart na tíre ar an teorainn le Angola. Tá 100,000 saighdiúr ag Poblacht na hAfraice Theas ins an Namaib san am i láthair!**

Rialaigh Cúirt Idirnáisiúnta an Chirt i 1971 go raibh an fhorghabháil a bhí á dhéanamh ag an Afraic Theas ar an Namaib aindleathach agus trí bliana ina dhiaidh sin rialaigh Comhairle na Náisiúin Aontaithe fá choinne na Namaibe (Forógra Uimhir a hAon) go




gcaithfeadh comhlacht ar bith cead a fháil ón Chomhairle le mianadóireacht a dhéanamh ins An Namaib. Ach tá tíortha an Iarthair go ginearálta agus an Afraic Theas agus Sasana ach go háirithe, ag déanamh neamhiontais de seo, agus 'sí an eagla atá ar mhuintir na Namaibe go mbeidh a gcuid mianraí uilig goidthe ag tíorthaí eile sula bhfaigheann siad saoirse dá dtír.

I 1975 bhain Angola – atá go díreach ó Thuaidh ón Namaib – saoirse amach ón Phortaingéil. Nuair a bhí na Portaingéalaigh ar tí imeacht bhí cogadh cathartha fíochmhar ag dul ar aghaidh taobh istigh de Angola, idir sóisialaithe an MPLA agus UNITA/FNLA nach raibh fabhrach don tsóisialachas. Lig an Afraic Theas orthu – dúirt Seán Mac Giolla Bhríde a bhí mar Choimisnéir na Náisiúin Aontaithe don Namaib ag an am go raibh 50,000 saighdiúr ansin ag an Afraic Theas ins An Namaib – go raibh siad ag dul isteach in Angola sa tóir ar SWAPO agus le scéim Hidrileictreach Ruacana Falls a chosaint de réir seanchonartha a bhí acu leis an Phortaingéil. Ach ghlac siad seans agus rinne siad ionradh amach is amach ar Angola ag súil is go gcuirfeadh siad UNITA i réim. Ach chuidigh Cúba le Angola, theip glan ar an Afraic Theas agus bhí orthu tarraingt siar, ag an am sin.

Sa bhliain chéanna bunaigh siad Comhdháil Turnhalle, iarracht de shocrú ina mbeadh an fíorchumhacht uilig ag na daoine bána agus dúirt siad go mbeadh 'neamhspleáchas' ag an Namaib faoi 1979 ach dhiúltaigh na Náisiúin Aontaithe agus SWAPO don chineál seo socraithe.

I 1977 dúirt an Afraic Theas go raibh sí ag coinneáil seilbh ar Bhá Walvis (an t-aon chuan maith ar chósta na Namaibe) nuair a bheadh 'neamhspleáchas' ag an tír sin. An bhliain ina dhiaidh sin mhol an Grúpa Iartharach (Na Stáit Aontaithe, Ceanada, An Bhreatain, An Fhrainc agus Iarthar na Gearmáine) socrú do na Náisiúin Aontaithe, a glacadh leis san eagraíocht sin mar rún 435. B'é an bunmholadh a bhí anseo ná tarraingt siar arm na hAfraice Theas agus toghachán saor faoi stiúr na Náisiúin Aontaithe. Ghlac SWAPO leis. Lig an Afraic Theas uirthi go raibh sí ag dul a ghlacadh leis ach san am chéanna bhí sí ag déanamh sáriarrachta chun bua míleata a fháil ar SWAPO agus i 1978 mharaigh siad 700 dídeanaí ón Namaib a bhí i gcampa i Kassinga in Angola.

Ó thús 1978 i leith is féidir a rá nach raibh teorainn idir Angola agus An Namaib agus go raibh an Afraic Theas ag tabhairt tacaíochta do UNITA agus ag cur cogaidh ar mhuintir Angola.



● *Léirsiú ag SWAPO in éadan gabháil Bá Walvis*

Thug siad isteach coinscríobh do dhaoine óga ins An Namaib idir 16 agus 25 bliana. Mar fhreagra air seo, idir Nollaig 1980 agus Aibreán 1981 d'éalaigh 8,000 ógánach óna gceantair dhúchais le dul isteach i SWAPO/PLAN.

**ROIMH dheireadh 1978 dhiúltaigh an Afraic Theas do phlean na Náisiúin Aontaithe agus reachtáil siad a dtoghachán féin taobh istigh den Namaib. Bhain dream s'acu féin, an D.T.A., an páirtí a chuir siad ar bun chun réiteach ciníoch a fháil ar fadhb an neamhspleachais ach bhí scanrú is imeaglú in úsáid go forleathan agus níor ghlac SWAPO (an páirtí atá cinnte dhá uair chomh mór leis na páirithe uilig eile curtha le chéile) páirt ann.**

I 1981 theip ar Chomhdháil na Ginéive san Eilvéis: Bhí SWAPO ann is an Afraic Theas ach bhí a fhios ag An Afraic Theas nach mbeadh an brú céanna orthu nuair a bheadh Reagan in oifig san Stáit Aontaithe agus, ar ndóigh, sin mar a tharla. Mhol Rialtas Reagan éirí as Rún 435 agus ina dhiaidh sin mhol siad athruithe ann.

Ón am sin i leith, bhí a lán cur agus cúiteamh ann agus gan mórán dul chun cinn. Bhí cruinniú i Lusaka in '82 agus ins an Róimh i '84. I Mí na Samhna 1984 dúirt an Afraic Theas go raibh sí réidh le toiseacht ag labhairt le Angola. Dúirt Uachtarán Angola Dos Santos go mbeadh siadsan sásta saighdiúirí Chúba a chur abhaile dá mbeadh an Afraic Theas sásta arm s'acusan a tharraingt amach as Deisceart Angola agus Tuaisceart na Namaibe, thart fán teorainn agus toghachán a bheith ins an Namaib de réir Rún 435 na Náisiúin Aontaithe. Dúirt Angola fosta go gcaithfeadh an Afraic Theas deireadh a chur lena dtacaíocht mhíleata do UNITA atá ag troid in éadan Rialtas Angola, agus deireadh a chur le bunáiteanna míleata UNITA taobh istigh den Namaib.

Ach seo an bunfhadhb. Tá an Afraic Theas go haindleathach ins an Namaib agus níl tiorthaí an Iarthair sásta brú ceart a chur uirthi bogadh. Bheadh An Afraic Theas sásta 'neamhspléachas' a thabhairt don Namaib faoi chóras ina mbeadh cinedheighilt, an chumhacht uilig ag na daoine bána, agus rialtas soip a bheadh fabhrach in achan dóigh don Afraic Theas. Níl siad sásta toghachán saor a bheith ins An Namaib mar tá sé deanta amach go mbainfeadh SWAPO 70% de na suíocháin ar a laghad. Dá mba rud é go raibh Rialtas SWAPO ins an Namaib ní bheadh buntáistí eacnamaíochta ag an Afraic Theas as an tír mar atá anois agus bheadh eagla orthu go raibh an lá ag druidim leo ina mbeadh an cumhacht ag an tromlach i bPoblacht na hAfraice Theas fosta.

Agus cad é an réiteach? Creideann cuid de mhuintir na Namaibe go bhfuil an dóchas is mó i socrú idirnáisiúnta, agus creideann cuid eile go bhfuil an dóchas is mó i ndeireadh le cinedheighilt agus tús le rialtas an tromlaigh taobh istigh de Phoblacht na hAfraice Theas féin. Ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, tá réiteach do thromlach na ndaoine ins an da thír ceangailte le chéile agus ba chóir d'achan Éireannach a bhfuil grá don tsaoirse agus don cheart aige nó aici gach tacaíocht is féidir a thabhairt do ghluaiseachtaí na saoirse ins an Namaib – agus i bPoblacht na hAfraice Theas ■



● SEÁN Ó RIADA



● SEÁN Ó RÍORDÁIN

# Ar ais go dtí na fréamhacha

**CEANN do bhun-aidhmeanna Éirí Amach 1916, chuir an Piarsach féin i bhfocla é: *"ní amháin Éire a bheith Gaelach, ach í a bheith saor chomh maith – ní amháin Éire a bheith saor, ach í a bheith Gaelach chomh maith".* Sna focla sin tá bunús chás na hÉireann curtha ar shlí níos beaichte, níos bunúsaí ná mar a cuireadh ó shoin. Séard a bhí ag teastáil ag ceannairí na Cásca ná dul ar ais go dtí na fréamhacha, bunús na fírinne, rútaí ár gcultúir, áit a bhfuil an fhírinne le fáil.**

Réabhlóid chultúrtha a bheadh ag teastáil. Thárla an sórt réabhlóide céanna san Eaglais tamall ó shoin. Chuaigh Pápa Eoin XXIII ar ais go dtí fréamhacha an Chreidimh, 'sé sin go dtí an Scrioptúr agus do chuir sé an síol ar an nua san Eaglais. Thuig an Pápa Eoin go maith go dtáinig lagar as an gCreideamh agus easaontas i measc an phobail agus laghdú níos measa ná a chéile nuair a tugadh cúl ar ár ndúchas agus ar fhréamhacha na Críostaíochta.

Chuaigh sé siar go síol na Críostaíochta le bunchúis an easaontais idir na hEaglaisí a lorg. Ní lúbadh ná comhghéilleadh a bhí ann agus ní raibh sé ag súil go ngéillfeadh duine ar bith eile. Ach thuig sé go raibh an freagra le fáil ar easaontas na nEaglaisí i bhfréamhacha na Críostaíochta.

B'shin Pápa Eoin – agus tá a fhios againn faoin fhás agus faoin saibhriú a tháinig leis an ngníomh mór a rinne sé. Thóg sé siar go dtí na bunfhoinsí an cine Críostaí; d'aithin cách an bhunfhírinne agus leathadh carthanacht agus tuiscint.

Thart ar an am céanna bhí fear eile ann ina chónaí i nGaeltacht Chorcaigh a bhí ag plé le ceol agus le cultúr na tíre seo. Chuir Seán O Riada éad orm féin is cuimhin liom is mé ina chomhluadar, de bharr a chumais lena chuid cheoil a riaradh ar dhaoine. Ach do sheas cumas agus ábaltacht níos doimhne ná sin le Seán. Thosnaigh sé réabhlóid sa gceol agus sa gcultúr (nach bhfuil stop leis go fóill).

Séard a rinne sé ná dul siar go bunfhoinsí an cheoil, mar a rinne Eoin i gcás an chreidimh. Sheas sé freisin leis an fhírinne, ag lorg foirfeacht ár gcultúir. Dúirt Seán Ó Ríordáin, an file, faoi Ó Riada agus faoi Eoin nach raibh ceachtar acu sásta le réiteach an comhghéillte: *"Saibhriú agus ní tanú an bheirt mhór seo"* adeir sé, *"tanú is ea na 'solúbairí'... creidim ná fuil san solúbthacht ach réiteach gearrthéarmach... caithfear dul siar go dtís na bunfhoinsí. Caithfidh an ceart ina cheart bheith suite".*

**SMAOINTEOIR domhain ab ea Seán Ó Ríordáin. Mar fhile agus mar fhealsamh cuireann sé ár gcuid smaointí fhéin ag obair: Cén fáth na samhaltaisí Gallda ina bhfuil ceol agus cultúr na tíre seo báite. Nach de bharr an comhghéilleadh ata ár ndúchas agus ár dtír folaithe... géilleadh do 'fairsingiú aigeanta', don idirnáisiúnachas nach bhfuil de shamhail ann i ndáirire ach cungú agus idir-oileánachas. Níl ann ach leithscéal chun ár n-easpa muiníne asainn fhéin a chlúdú.**

An comhghéilleadh – cén bhrí atá leis? De réir an fhoclóra bíonn comhghéilleadh i gceist nuair a cuireann duine a onóir i gcontúirt; nuair a tharraingíonn sé amhras ar féin; nuair a ghéilleann sé don bhréag, don mhí-chreideamh, don bhfalsacht. Ó thaobh móráltachta de tuigeann muid cad tá i gceist – ag lúbadh ón fhírinne, ag tréigint a gcreideann muid ann.


Tá stair na hÉireann lán de shamplaí den chomhghéilleadh agus ar ndóigh bhí tréigint na Gaeilge san 19ú haois ar an sampla is clasaicí. Ba é a bhris aontas iomlán na tíre sa dtosach agus chuaigh sé i bhfeidhm ar fhealsúnacht pholaitiúil na tíre, ar an idéalachas náisiúnta agus an gcúltúr beo. Bhris sé sean sibhialtacht Ghaelach na tíre.

Tá muid in Éirinn chomh cleachta anois leis an *"compromise"* mar sheift chomhréitigh ár bhfadbannaí go bhfuil curtha i bhfeidhm orainn nach mbíonn aon dul as uaireanta ach an comhghéilleadh. Acn níl sé sin fíor ar chor ar bith.

**NUAIR a deirim nach cóir dúinn glacadh leis an gcomhghéilleadh ní caint láidir nó caint cogaidh atá ann. Ní hionann an comhghéilleadh a dhiúltú dul i muinín an fhornirt nó an láimh láidir. A mhalairt atá i gceist. Ní hionann meas nó ómós do dhuine agus géilleadh do mheon an duine sin. Má tá féinmheas agus féinaitheantas againn agus mórtas as ár gcultúr fhéin, is mó a bhéas meas againn ar dhínit an duine eile, agus ar chultúr agus ar thrádisiúin thír ar bith eile.**

Mar shampla, 'sé an Bearla ceann de theangacha mora an domhain. Agus níl aon gá le gráin ná fuath do Shasanach ar bith mar dhuine. Ach 'sé an chúis atá le gach iarracht ar scarúint ó Shasana ná gur dhream amháin na hÉireannaigh agus gur dhream eile na Sasanaigh agus coimhlint idir an dá shibhialtacht ata ann.

Saibhrú agus ní bochtú atá ag teastáil uainn. Má chreideann muid inár gcás tá sé le tuiscint go bhfuil an fhírinne againn agus ní gá riamh do dhuine ar bith an fhírinne a lúbadh. Muna bhfuil spás don gcomhghéilleadh i gcomthéacs na fírinne níl áit dhó ach oiread i gcás na Gaeilge agus na saoirse ■






# Bás Mrs Gandhi

*LE NOLLAIG Ó GADHRA*

**AN chéad cheist chonspóideach a dhúisíonn feallmharú Phríomh-Aire na hIndia, Mrs Gandhi, ná an tionchar polaitíochta a bhíonn ag feallmharuithe ar imeachtaí na fichiú aoise. Tá gach aon duine sásta a rá go misniúil dúshlánach nach bhfágfaidh an feallbheart seo rian ar oidhreacht Mrs Gandhi agus ar imeachtaí polaitíochta na hIndia trí chéile.**

Ach is fíric fhuar uafásach í gur chuir an bású casadh ar scéal na hIndia atá ar aon dul nach mór leis an gcasadh nuair a feallmharaíodh an ceannaire Indiach a raibh an sloinneadh céanna aige, an Mahatma, sa bhliain 1948.

Ó thaobh lucht slándála de, léiríonn an scéal fíric fhuar eile chomh maith, sé sin, nach féidir le ceannairí poalitíochta an lae inniu fanacht slán ar fad ó bhaol an fheallmharaithe, go háirithe má tá an dream a thugann faoin obair sásta a mbeatha féin a chur i mbaol ag an am céanna.

Tríd is tríd, áfach, is lú an muinín a chuireann rialtais ar aon nós, san fheallmharú san aois seo ná mar a chuiridís sa seansaol. Tá baint ag an gclaonadh seo leis an bhfíric mhór eile a bhaineann leis an daonlathas i.e. gur lú an tábhacht aonair atá le duine ar bith nuair is féidir comharba a cheapadh, gan dua, gan aighneas de ghnáth.

Tuigeann na polaiteoirí freisin gur féidir leis an *"taobh eile"* an cluiche suarach céanna a imirt má chuireann dream ar bith tús leis an imirt. Agus cé go ndeir lucht léinn straitéise linn gur lú an dóirteadh fola a bhaineann leis an seanchóras foréigin i ndeireadh na dála, sé buncheacht na fichiú aoise gur minice a bhíonn lucht cumhachta sásta na milliúin gnáthshaighdiúiri agus sibhialaigh a chur amach ag iomaíocht lena chéile i gcathanna fíochmhara fola ná díriú ar mháistirí na cumhachta féin ar an taobh eile.

**LÉIRÍONN an t-ionsaí a rinneadh ar Mrs Gandhi go nglactar leis go bhfuil cuid d'oidhreacht na sean-rítheaghlach lárnach bainte le hoidhreacht pholaitiúil chlann Nehru/Gandhi i gcónaí.**


Léiríonn sé freisin go bhfuil an creideamh, is cuma cén leagan de, atá i gceist, ar cheann de na nithe is casta agus is mó a spreagann fuath agus olc, chomh maith le maitheas i gcroí an duine dhaonna. Thar rud ar bith eile, níor thuig Mrs Gandhi nach féidir neamhaird a thabhairt ar bhunmhianta creidimh aicme ar bith agus bheith ag súil le aisfhreagra.

Ba shuimiúil mar a cheadaigh RTÉ chomh maith leis an BBC an freagra díoltais in aghaidh Mrs Gandhi i measc na Síceanna sa Bhreatain. Agus ba shuimiúil dóibh siúd nach dtuigeann meon na nGael Caitliceach i Meiriceá de bhunadh na Sé Chontae, a thabhairt faoi deara gur aontaigh gach éinne nach mór gur mó an glór a bhí á ardú ar son stát neamhspleách Khalistan sa Punjab ná rud ar bith a bhí á rá ós ard ag polaiteoirí an cheantair féin sa bhaile.

Is cosúil go bhfuil bá agus tuiscint ag go leor daoine sa taobh seo domhain le hargóint lucht an Congress Party agus náisiúnaithe uile-Indiacha eile nach féidir an stát a ghéilleadh gan dochar as cuimse a dhéanamh don Stát Indiach féin, agus don tábhacht bhunúsach a bhaineann leis an Punjab mar phríomhsholáthróir bia don 730 milliúin duine atá san India, i measc rudaí eile.

Is fíor gur stát aon aicmeach creidimh a bheadh ó na Síceanna de réir cosúlachta, ar nós na Pacastáine, a gearradh amach ón fho-ilchríoch cheana, agus a mheabhródh éileamh na nOráisteach ar státchóras dá gcuid féin i Stormont duit ar bhealach.

Sa mhéid sin, bheadh fonn ar Éireannaigh áirithe b'fhéidir, go leor den locht a chur ar na Sasanaigh sa chéad dul síos. Rinne siad scrios ar an India tráth den saol. Tharraing siad amach sa deir-



● *AN TIARNA MOUNTBATTEN*

eadh agus d'fhág staid mhíshásúil fhuilteach ina ndiaidh.

Agus d'fhág na créachta a d'fhás ón chéad chríochdheighilt a rinneadh faoi mhaoirseoireacht Lord Mountbatten i 1948 nach raibh deis ag an stát, nó go deimhin ag na stáit nua, teacht chucu féin i gceart ó shin i leith...

**TÁ taobhanna eile leis an scéal áfach. Conas a thárlaíonn go nglacann ceannaire nua na hIndia a mhóid oifige i mBéarla 35 bliana tar éis na saoirse ón Bhreatain, más náisiúnaithe cearta agus ní lucht *Home Rule* atá i mbunúchas lucht an Congress Party féin?**



● *Laethe deiridh an Raj*


Nach gcruthaíonn an teip chultúrtha an *"carnival of reaction"* a thuar Ó Conghaile i gcás na hÉireann dá gcuirfí críochdheighilt i bhfeidhm, a fhágann daoine i muinín an chreidimh mar bhunchomhartha aitheantais nuair ba cheart a bheith ag obair an chóras ceart feadarálach a d'fhágfadh ceart cothrom ag gach dream teanga, aicme agus *caste?*

Tar éis an tsaoil, tá an India chomh mór agus chomh héagsúil ó thaobh teangacha agus cultúir de, leis an Eoraip féin. Ach níl aon duine san Eoraip a bhfuil aon chiall aige ag rá gur cheart deireadh a chur leis na stáit éagsúla náisiúnta san Eoraip ar mhaithe le *"caomhnadh an aontais"* – seachas an chuid is mí-stuama den Ch.E.E.


Má tá thart ar 21 aonad cultúir is teanga ar leith aitheanta in iarthar na hEorpa féin – agus é soiléir gur gá níos mó agus ní níos lú – cén fath nár cheart a bheith ag súil le 14-20 stát ar ilchríoch na hIndia féin? Cruthúnas Sasanach a bhí i stát ollmhór na hIndia an chéad lá riamh. Ní raibh de mhothúchán náisiúnta ag baint leis ach an fuath ginearálta do na máistirí Sasanacha.

Anois ó tá an ré sin ag teacht chun deiridh, cén chomhnáisiúntachta a choinneoidh an India le chéile? Is cinnte nach ndeánfaidh Béarla oifigiúil ag an dream atá i gceannas an rialtais láir, an chúis...

**(Scríobh Nollaig Ó Gadhra beathaisnéis Mahatma Gandhi i 1969)** ■



● *Ceannairí na Síceanna ag an Teampall Órga in Amritsar*



# An máistir mar fhile

LE DÁITHÍ Ó hÓGÁIN

**CÚIG bliana déag ó shoin bhí saothar scríbhneoireachta Dhiarmada Uí Shuilleabháin i mbéal an phobail go mór. Bhí ceithre cinn de úrscéalta foilsithe aige sa Ghaeilge, dhá chnuasach gearrscéalta, drámaí leis ar stáitse, filíocht leis thall is abhus ar fuaid na n-irisí. Bhí duaiseanna Oireachtais de gach saghas buaite aige, Duais an Bhuitléaraigh, agus an ceann ba thábhachtaí orthu go léir b'fheidir Duais Acadaimh Liteartha na hÉireann.**

Bhí talamh nua á bhriseadh aige sa scríobhneoireacht as Gaeilge, agus dá réir sin bhí sé ina bhuachaill bán ag lucht léirmheastóireachta agus ag an lucht staidéir ar an litríocht. Stíl chonspóideach a bhí á cleachtadh aige – stíl chruthaitheach a chuir malairt chroit ar an teanga seachas an Ghaeilge labhartha a bhí timpeall orainn, caint nua imprisiúnach a bhí ag brú teorainneacha na Gaeilge chun cinn chun go mbeadh sí oiriúnach, dar leis, don tsamhlaíocht ósréalaíoch.

Agus seasaíonn an cnuasach gearr gearrscéalta úd *Muintir* mar eiseamláir dona raibh bainte amach aige agus léirigh sé treo ina bhféadfadh sruth mór amháin den litríocht chomhaimseartha dul. Mar a dúradh faoi Dhiarmiad ag an am:

*'The narration displays great awareness and a sophistication scarcely ever reached before in Irish storytelling'.* An té a dúirt é sin ba dhuine é ar cheart go mbeadh fios a ghnótha aige – Máirtín Ó Cadhain féin. Agus dála Mháirtín, Poblachtach dílis ba ea Diarmaid riamh.

Nuair a thosnaigh lucht na bréag intleachtúlachta ar leatrom a imirt ar an aigne Ghaelach bhí Diarmaid agus a chuid scríbhneoireachta thíos leis, agus ba thruamhéileach an cás é gur fhéad feachtas dian propaganda de chuid na Seoiníní mórchuid de lucht na Gaeilge a scanrú sa tslí gur deineadh neamh-aird den Súilleabhánach mór agus dá thréanmhachnamh ar feadh i bhfad.

Act tá sin ag athrú arís. Tá an roth ag casadh agus na muilte ag meilt athuair. Tá spreagadh nua faoi ghluaiseacht na teanga agus muinín astu féin á léiriú ag na Gaeil ná facathas a leithéid le fada.

**CUIRFEAR spéis faoi leith sa chnuasach filíochta seo, agus ceann de na cúiseanna a gcuirfear an spéis sin ann ná gurb é an chéad lánchnuasach dánta dá chuid a foilsíodh riamh. Tá duanta anseo a shíneann siar thar fiche bliain dá shaol mar scríbhneoir, agus léargas as an nua atá ann mar sin ar a aigne agus ar a cheird i bhfocail.**

Gheobhaidh gach léitheoir déantúis anseo a chuirfidh ag machnamh é agus a thabharfaidh isteach i bhfíor-réimse na healaíne é.

Dánta pearsanta, dánta poiblí, dánta ideolaíochta, dánta drámata – is minic a shamlaítear Diarmaid dom mar fhórsa mór éigin a leathann a struchtúr anuas ar an ábhar agus a mbíonn a chuisle ag bualadh tríd. Saibhreas focal tá anseo gan dabht, saibhreas samhlaíochta agus tuisceana a thugann chun beatha iad i rannpháirtíocht le chéile.

Agus baineann sé triail as gach saghas teicníce, sa tslí gur oscailt súl ar fhéidireachtaí na litríochta atá sa saothar.

Féach an t-imprisiúnachas: *"Na madraí freisin, droinn orthu, is iad ag lapadail cúl tí go gortach."*

Féach an ghluaiseacht: *"Géag mar shnáthaid, diamaint súl, béal eilipseach, cruinneán cuartha go hárthach na hintinne".*

Féach an t-íomháineachas: *"Ball dearg sa duibheacht".*

Nó teicníc na scannánaíochta mar a lenas: *"Athair, éan, balbh don Earrach, crainn, fiodhghual, briosc i gcoill, ainmhí...*

Agus tá an aoir ann, freisin: *'Sheas fear ar charn truflaise is shéid sé seile bhréan trí chorr-adharca gabhair.*

Is an tabhairt faoi ndeara eisinteach: *'Iad ag iompó cúil liom ar eagla go bhféachfainn – is dá ndéanfainn go gcuirfinn ceist.'*

Is tá lán-raon na pearsantachta le feiscint ó dhán go chéile. Fear beo é seo, a déarfaidh an léitheoir, an *'developed personality'* úd is riachtanas do gach scríbhneoir fónta. Aire rialtais áirithe a bhí mar fhrith-théis do spiorad Dhiarmada, do spiorad neamghéillteach na saoirse: *'Mór no náir. Éire féin a thréig a nathair!*

Frith-théis an Phiarsaigh, agus guth Dhiarmada á greanadh sin ar phár na staire mar is dual d'fhile. Is é seo an *'righteous indignation'* úd dar thagair Swift ag dul i ngleic le hÉire na seachtóidí.

Ach ar an láimh eile, tá cneastacht agur grá sa bhfile, mar is léir as an dáinín beag gleoite lena gcríochnaíonn an saothar seo: *'Bean álainn, bean a thuig-*



● *Diarmaid Ó Súilleabháin ag tabhairt na hóráide ag Comoradh Liam Uí Mhaoilíosa i 1972*

*eann, bean mhaitheann cruas an fhile.'*

Nach iontach mar a théann na mórfhilí siar arís is arís eile ar na cainteanna agus na tuiscintí céanna? Déanann siad, mar gurb iad sin buntoscaí an choinníll dhaonna.

**BEIDH súil amach ag an léitheoir do thréith eile a bhaineann leis an gcnuasach seo. Is é sin, struchtúr agus leanúnachas an fhriotail i ngach duan. Fear a bhfuil an oiread sin scríbhneoireachta déanta aige is atá ag Diarmaid, fear a bhí ábalta ar charn d'úrscéalta fada casta a chur ar fáil, bheadh súil leis go mbeadh ábalta ar dhul i ngleic leis an dán fada.**

An éireodh le Diarmaid fanacht ina sheasamh is é ag taisteal thar dhreach talún a bhain leagadh agus teasargan as an oiread sin do scríbhneoirí na Gaeilge sa bhfichiú céad? Ní gá a rá anseo go bhfuair filí comhaimseartha na Gaeilge mórán de dhua an dáin fhada. Seán Ó Ríordáin ar a bhuaic, Máirtín Ó Direáin, agus Eoghan Ó Tuairisc lena mhórshaothar *'Aifreann na Marbh'*. Ach cén méid eile.

Is cosúil anois gur féidir an Súilleabhánach a áireamh sa scoth comhluadair sin. Fanann an tathag ó thús go deireadh sa dá dhán fhada *'Miotas'* agus *'A Fhir an Taibhrimh'*. (Ach an líne dheireanach a bheith lag sa chás seo). Iarracht fealsúnachta is ea an prós-dhán úd *'Credo'*, ina léirítear téama atá chun tosaigh go mór sa chnuasach, mar atá an réabhlóideachas, spior-spear á dhéanamh den chur i gcéill tríd an aigne a bhaineann leis a nochtadh.

Agus anuas air seo ar fad mar bhrat ealaíne, tá téama na miostaíochta trí mhórchuid de na dánta seo, ag spreagadh daoine chun samhlaíochta is chun bóthar na maitheasa a aimsiú. Bóthar na cruthaitheachta, leis, ó phoblachtaigh dho-chloíte na Sé Chontae go Steve Biko ina laoch dóchais san Aifric Theas.

Agus thar n-ais arís go dtí bua mór an tSúilleabhánaigh, mar atá na focail a úsáid ar chuma a thugann an tábhar ins steilleabheathaidh. Ba dheacair an dá dháinín úd *'Duan Fómhair'* agus *'Na Cúnna'* a sháru i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge agus a bhfuil scríofa ag cith filí a chur san áireamh.

Tá an clúdach agus an leagan amach ar fheabhas sa leabhar seo, ach nuair a bheidh an dara heagrán á ullmhú b'fhéidir nár mhiste cúram breise a dhéanamh de léamh na bprofaí – tá roinnt dearmadaí gramadaí sleamhnaithe isteach thall is abhus a d'fhéadfadh an foghlaimeoir a chur amú beagán. Ach comhghairdeas mór do na foilsitheoirí atá tar éis Diarmaid a chur ós ár gcomhair arís le lán a dhúthrachta, le neart a stíle, agus lena chroí maith mór.

Tá an roth ag casadh, agus is é ár nguí go léir go n-imeoidh an baol atá ar shláinte Dhiarmada i láthair na huaire agus gura fada buan é i mbun pinn. Mar a deir sé féin faoin gCadhnach anseo:

*'Is teampall tíre é,*
*Teach tíriúil,*
*Adhmad geal an tsléibhe!'* ■

• Diarmaid Ó Súilleabháin, *Gealach Reatha* (foilsithe ag Coiscéim), Praghas £3.00.

# Nach aoibhinn do Bhanba

*Nach aoibhinn do Bhanba a cuairteoirí beannaithe,*
*Maighreidín Thatcher is Pilib an Diúc,*
*Bí ag caint ar Fhionnbheannach is Táin Mhór Eamhain Mhacha,*
*Ní faic iad Cúchulainn ná Ferdia cois bruach.*
*Cois Áth Chliath na Life bhí Forum FitzGerald,*
*Lena chairde ón bPáil agus Spring Chiarraí Mhumhan,*
*Gan tásc is gan chuireadh chuig Gardaí na Grenadiers,*
*Is De Barra go briste is é 'na Mhaoldún.*
*Ó thuaidh bhí Ó Mealláin, John Hume is Beag Curraí*
*Ag mungailt a n-ordóg lasmuigh den Teach Mór,*
*Ba ghéar é a mbriseadh ar fhód úd a sinsear,*
*Is a rá go raibh trusta acu i John Bull is a chriú.*
*Lá roimh 'A Shoilse' labhair Cahal go bríomhar,*
*I nDámhscoil na Ríona ba é 'bhí go buach,*
*A* Te Deum *go bíogúil ar thaobh Neart na hImpreachta,*
*Is a bhachall á bagairt ar 'fhir fhoiréigin' gan trua;*
*Mhuise greadadh chugaibh 'ghamail nach Éire bhur mana*
*Ach cumhacht agus Féinghlór is cinnlínte nuacht,*
*Ní leor péindlí ná carcair lenár laochra a cheansa,*
*Is beidh Féinics ar bhrat acu is sibhse go sciúch.*

**Diarmaid Ó Súilleabháin,**
**Feabhra 1984.**



• *'Pilib an Diúc'* ag Beairic Drumadd

# Úrscéal as príosún

LE DEASÚN BREATHNACH

**DÁ mbeadh úrscéal ar an dóigh seo i gcló i dtír eile ar bith ar fud an domhain bheadh caint, agus an-chaint, faoi Dhuais Nobel. Níl aon amhras orm ach go bhfuil an t-úrscéal seo ar na cinn is fearr agus is tábhachtaí a scríobhadh i gceachtar den dá theanga le 100 bliain in Éirinn.**

Gabhadh fear. Cuireadh ina leith cion in aghaidh an stáit. Bhí deis aige a bheith saor ar bhannaí ach is Poblachtóir é; tá sin in éadan a phrionsabail agus a eitice; caitheann sé trí mhí sa charcair; ar ball cuirtear ós comhair cúirte é, ar a thriail, agus fritheár ciontach é; ach toisc an pionós a bheith curtha isteach cheana féin aige ligtear saor é.


Sin an scéal. Níl ann ach aon chaibidil amháin ach toirt 92,000 focal i gceist. Chomh luath agus a thosaíonn tú á léamh tá tú sa phríosún. Mothaíonn tú an taise. Tá baladh bréan na carcrach de shíor id phollairí. Tá raic, fothram, cliotaráil agus glagaireacht na háite id chluais.

Chomh fíor sin atá an scáthan seo gur cime tú fhéin agus tú á léamh. Dá bhrí sin, ní taitneamhach an saothar é agus tú á thosú. Is amhlaidh a chaitheas tú iarracht ar leith a dhéanamh le scór leathanach nó mar sin a chur díot. Ach uaidh sin amach dúntar na dóirse ort agus léann tú leat gan stop gan seasamh gan staonadh go dtí go ligeann an t-údar amach thú ag deireadh an scéil, nuair a shiúlann sé féin amach san aer úr glan. Faoiseamh ná faoiseamh níl i ndán duit go dtí sin.

Ní mé cé mhéid den úrscéal seo atá ina bheathfhaisnéis nó cé mhéid de atá cumtha. Is cuimhin liom Diarmaid ina chime sa phríosún Muinseó, é ag fanacht ar a thriail agus a chairde ag cur isteach deoch nó dhó chuige ó am go chéile agus sin go hoscailte, le cead na nÚdarás. Is cuimhneach liom an réabhlóid san áit chéanna agus Diarmaid imníoch go maith faoina lámhscríbhinn, scríbhinn an scéil seo, gan dabht.

Ansin cuireadh deireadh le ré na polaitíochta i Muinseó agus aistríodh go léir iad go dtí an tIfreann úd i lár na bportaigh a dtugtar Carcair Phort Laoise air. Níl fhios agam cén t-uafás, mar leabhar, a thiocfas amach ón áit dámanta sin, Bastille na hÉireann.

**SAN dara pearsa uatha atá an scéal seo á ríomh agus cloíonn an t-údar le sin go**



● *Príosún Mhuinseó*

**deireadh. Ní chuimhin liomsa ach an t-aon úrscéal eile ar an dóigh sin a léas agus a chuaigh i bhfeidhm, más go héadrom féin é, orm. Úrscéal de chuid Edna O'Brien a bhí ann. Chuidigh an tseift seo leis an mbeirt díobh a gcuid scéalta a choinneáil faoi smacht, iad a aontú i gcónaí agus blas ar leith a thabhairt dóibh.**

Dúirt Francach éigin rud éigin ar an dóigh seo, *"la style c'est tout"* (gurb í an stíl nó an crut aestéitiúil an ní is tábhachtaí agus ealaíon i gceist: Déan do mhachnamh faoin ubh, a chara). Tá ciall agus eagna ag baint leis an ráiteas. Rud é sin a thuig Diarmaid agus é ag tosú ag scríobh, cheapfainn: Tá a rian ar a shaothair uilig.

Cuid mhaith den scéal seo is smaointigh an dlúth, más é an príosún an t-inneach, agus geansaí meoin á chniotáil ag an údar. Féach, mar shampla, lch. 120:

*"B'iomaí duine a bhí ann dáiríre. Fear fileata an anama; fear dian danartha na réabhlóide... B'shin rud nár tuigeadh riamh do na Gaill go ropfadh fir de shíor ar aghaidh ina n-aghaidh féin, fiú dá mbeadh orthu Gaeil a nadúr a chlaochló le bheith míthrócaireach feidhmiúil,* faustach *fiú, ar mhaithe chéim chúise nó an leathchéim féin a thógáil lena ré... Ba phár iomlán beagnach ár Staire an cheanndánaíocht úd, pár sách dothuigthe don impireachtrannach toisc nár rianadh riamh air go géineach ná go pearsanta cros chine, cuma claíomh, spíce, croc nó*



● DIARMAID Ó SÚILLEABHÁIN

*príosún is nár glasdubhadh a chuid gialla de liobarshú fhéar an ghorta... is nár bhíodh ach oiread é ariamh d'fhiabhras apacailipteach go crón a chnis..."*

Ní fheadar mé ar smaoinigh na foilsitheoirí beagán eagarthóireachta a dhéanamh ar an saothar. Má bhíonn an tarna eagrán i gceist níor mhiste. Eagarthóireacht in éindí leis an údar atá i gceist agam. B'fheidir go bhféadfaí laghdú beag a dhéanamh ar an focla nuachumtha (tá cuid díobh drisiúil).

B'fhéidir le Dia go bhféadfaí corrdhearmad a chur ina cheart, féach (lch. 126): *"Nár dheas an ní é bualadh amach síos an baile mór tamall... gan gharda, gan cheangal, gan macnamh ar cé a bhí ar do dheiseal ná ar do thuathal."* Chomh fada lem eolas tá gluaiseacht i gceist agus deiseal nó tuathal sa chaint. B'fhearr, freisin, laghdú go mór a dhéanamh ar na lánstadanna tríreacha. Ach mionrudaí iad sin, fíormhionrudaí agus a leithéid a leanas againn (lch. 129):

*D'FHAIR tú na bronacha fuinneoige le do ais. Chonaic tú braon is braon eile péarlach tamall is ansin tobannrith go cumar na n-uiscí... braon is braon eile go péarlach is ansin an druidim gan choinne le chéile... Cumar ba ea an t-aos dána riamh ar bhealach nó b'ann a bhrostaití sú na tíre go mbíodh ina shalmphort idir bruacha na habhann. An ceol, an canadh, an rince is an cumadh, an scealaíocht cois teallaigh, b'shiúd é duan fíor tíre ná ní chaillti riamh a luastar reatha cuma cen ceo nó stoirm a ghabhadh an treo... leanadh sruth an chumair is broinn na habhann orthu lá is oíche, bliain i ndiaidh ráithe, cian ar chian."*

Maidir le boladh an phríosúin:

*"Ar bhealach b'ionann an boladh seo agus fuíoll a staire. Peannaidbholadh ab fhearr a bhaisteadh air. Rud buíbheo bréan ar bhain a damhna is a chomhdhéanamh le móilíní is brící stairstruchtúr na príosúntachta. B'fhearr a shaothraigh an bréantas seo faoi fhragfhliuchras is goimhthaise na Márta"* (lch 129).

Nó cistin an phríosúin agus an boladh a tháinig aníos ón haiste:

*"Bhain géarbholadh geire, bainne briste, cabáiste lofa, anraith olach stálaithe, agus gal – gal ach go háirthe – le leoithne uafáis na comhla úd, gan trácht ar allas ná ar chorpbholadh na gcócairí:'* (lch. 131).

Cruas an phríosúin (lch. 152):

*"Ba ghearr gur tuigeadh duit nach raibh áit ar bith don daonnacht úd i bpríosún duit. Boige is locht a bhí ansin, fabht san admhad dar an deáthreascaire."*

Agus fírinne shearbh na príosúntachta polaitiúla in Éirinn (lch. 154):

*"Diaidh ar ndiaidh d'imigh sé ina luí ort go raibh breis agus Teorainn amháin ann na saolta seo, go raibh balla mór den bhfuath tóghta idir Éireannaigh agus nach réidh a mhaithfí. Fir a d'imíodh go sciúch i riasc, a d'fhanfadh fad oíche i ndíog do luíochán, théadh ar ucht is cromáin uileann le chéile thar phuiteach is garbhán ba dheacair don Deisceartach 'míniú' sásúil ar bith a chur ar fáil dóibh. Ba léir fiú ar an bhfagh airt ina súile um 'An Nuacht' dóibh faoi 'forsaí slándála a bheith ag obair as láimh a chéile ar achan taobh den Teorainn' gur binn béal ina thost. Ba i bpríosún polaitíochta a tuigeadh i gceart duit mallacht mhillteach ár Staire."*

Tá *"as Gaeilge"* ag an údar (lch. 134). B'fhearr liomsa *"i nGaeilge."* Ta *"fáil isteach"* aige (lch. 136); agus cé gur caint díreach atá ann b'fhearr liom *"dul isteach."* Tá tagairt tríd síos aige don *"Dáil:* B'fhearr *"Teach Laighean."* Mionrudaí arís.

Is cuimhneach dom Máirtín Ó Cadhain á rá i 1966 agus muid ar sheachtain chéalachain i lár Bhaile Átha Cliath, mar Mhisneach, gurbh é Diarmaid Ó Súilleabháin an scríbhneoir Gaeilge ab fhearr lena linn. Cé gur mhór mo mheas ar Dhiarmaid, mar scríbhneoir agus eile, i gcónaí, shíleas faoin am go raibh sin aibhéilach. Ach anois nílim chomh cinnte agus a bhíodh.

● Diarmaid Ó Súilleabháin, *Ciontach* (Coiscéim), Praghas £4.50 ■



# Do Bhobby Sands an lá sular eág

*Fanaimid,*
*mar dhaoine a bheadh*
*ag stánadh suas*
*ceithre urlár ar fhear*
*ina sheasamh ar leac fuinneoige*
*ag stánadh anuas orainn*
*go tinneallach.*

*Ach an féinmharú d'íobairtse?*
*ní géilleadh, ní faoiseamh;*
*inniu ní fiú rogha duit*
*léimt nó gan léimt.*

*Nílimid cinnte*
*dár bpáirtne sa bhuile;*
*pléimid ceart agus mícheart*
*faoi thionchar ghleo an tí óil;*
*fanaimid ar thuairiscí nua,*
*ar thuairimí nua* video.

*Fanaimid, ag stánadh,*
*inár lachain i gclúmh sóch,*
*ar na cearca sa lathach*
*is an coileach ag máirseáil thart*
*go bagarthach ar a ál féin,*
*ar ál a chomharsan*
*is i nguth na poimpe glaonn:*
*'coir is ea coir is ea coir.'*

*Thit suan roimh bhás inniu ort.*
*Cloisimid ar an raidió*
*glór do mhuintire faoi chiach,*
*an chumha ag sárú ar an bhfuath:*
*is é ár nguí duit*
*go mbuafaidh.*

**Le caoinchead Michael Davitt. Céadfoilsíodh an dán i *Gleann ar Ghleann* foilsithe ag Sáirséal, Ó Marcaigh.**

Nuala Ní Dhomhnaill, *Féar Suaithinseach* (foilsithe ag An Sagart).

# Teacht i mbláth

LE DIARMAID Ó DUIBHNE

**TÁ Nuala Rua Ní Dhomhnaill ar dhuine d'ógfhilí na seachtóidí a bhfuil fás agus forbairt tagtha ar a saothar sna hochtóidí Is í a bhuaigh Duais Bhárdas Chorcaí agus gradam an Oireachtais anuraidh, agus is leis an gcnuasach seo a dhein sí é sin. Gaeilge bhreá shnasta, claonadh i leith an turgnaimh sa stíl agus go háirthe san íomháineachas – sin iad an dá bhua mhóra atá aici.**

Is féidir a rá gur scríbhneoir eicléiteach í, í ag roghnú nithe a thaithníonn leí agus a chuirfidh le hábhair a dáin in aon bhall ar féidir teacht ar a leithéid, ach ní locht sin uirthi – cuimhnímis ar dhéantús mór T S Eliot, *The Wasteland.* Leis an nós seo cumadóireachta, tá buaicphointe ealaíne bainte amach ar uaire ag Nuala, agus uaireanta tá an buaicphointe sin bainte amach aici gan é.

Cuir i gcás, an dán gairid *Sneachta,* a mheallann samhlaíocht an léitheora trí stíl a leagann béim ar na nithe nach bhfuil ráite: *"Níor cheol éan, níor labhair damh, níor bhéic tonn, níor lig rón sceamh."* Tá macallaí ansiúd ó fhilíocht dúlra na sean-Ghaeilge, macallaí ó thimpeallacht dúchais Nuala in iarthar Chiarraí, macallaí freisin ó imprisiúnachas nua-aimseartha. An chlisteacht cainte atá léirithe anseo aici, friotal na héigse, tá mórchuid samplaí gleoite di le feiceáil anonn is anall tríd an gcnuasach seo.

Arís, tá máistreacht aici ar nós traidisiúnta an dánfhocail gona chaint ghonta spreagúil. Ag tagairt d'Éabha i ngáirdín Pharthais agus blas an fheimineachais ar a guth, deir sí: *"Dhíolas m'oidhreacht thar ceann mo chlainne, mhalartaíos úll ar an dúil ba shine..."*

**TÁ an feimineachas go láidir trína saothar ar fad, ach saghas atá i gceist a spreagann ceisteanna áirithe. Braitheann sí go bhfuil feall déanta ag na fir ar na mná agus gur cheart an comhar a dhíol leo, agus é sin ar shlí fhíochmhar go maith (féach an bharbarthacht sa dán úd *An Mhór-Ríon ag cáiseamh na baidhbe le Cú Chulainn).***

Is breá folláin agus is tráthúil téama seo an fheimineachais a bheith á ionramháil ar mhodh ealaíonta i litríocht na Gaeilge. Cuir i gcás, tá tagairtí ag Nuala do nithe ar nós cáilíní tréigthe ag saolú clainne ar an uaigneas. Ach éiríonn an cheist, an dearcadh meánaicmiúil atá aici nó dearcadh réabhlóideach?



● NUALA NÍ DHOMHNAILL

> **"Dhíolas m'oidhreacht thar ceann mo chlainne, mhalartaíos úll ar an dúil ba shine.."**

Tagraíonn sí d'fhir ag troid mar gheall ar *"pé rud go dtroideann na fir ar a shon".* Ach nach bhfuil a fhios againn go maith go bhfuil tíoránaigh bhaineanna ann díreach mar atá tíoránaigh fhireanna. Agus, ar an taobh eile, nach bhfuil príosúnaigh in Ard Mhacha díreach mar atá i gCluain Chise de bharr iad a bheith ag cur go cróga ar son saoirse an duine?

I ndáiríre, is beag tagairt atá ag Nuala a chuirfeadh ar a shúile don léitheoir gur as cás na hÉireann a fháisctear litríocht na Gaeilge. Seans gur de thaisme atá an scéal amhlaidh. I neomant léirstine amháin tá an méid seo le rá aici:

*"Tá sé ag fás leis na céadta bliain ó chath Chionn tSáile i leith, ó dh'imigh na géanna leo ar luas, ó thit na deora chomh mór le bróite – d'iompófaí muileann le gach deor acu."*

Agus cé a déarfadh nach maisiú ar chultúr na hÉireann trí chéile cuid de na déantúis atá anseo? Rud amháin, tá an saothar fíorchóngarach do chás an ghnáthdhuine, agus é sin curtha in iúl trí íomháineachas a úsáid a eascraíonn as an seanchas agus as an litríocht dhúchais, rothaigh de chuid na seanchaithe. An sampla is deise ar fad, b'fhéidir, is ea na focail a ghlacann sí ó amhrán i nGáidhlig na hAlban ag comóradh mór-ríthe de chuid na hÉireann fadó:

*"Bíle a shíolraigh ó Niall Glúndubh is Niall Frasach, a thugadh fíon le n-ól dá eachaibh, is a chuireadh cruite óir faoina gcrúba..."*


**AGUS tá an tuiscint cheart bheacht aici ar ar féidir a dhéanamh leis an mbéaloideas i gcomhthéacs na healaíne. Íomha nó persona mór aici is ea bean an leasa, an bhean úd sna síscéalta a thagann isteach sa saol seo agus a imíonn ar shlí nach léir do dhaoine ach a fhágann a rian ina diaidh.**

D'aontódh C G Jung leis an léamh síceanailíse atá ag Nuala ar eachtraí den sórt sin: *"nár shíneas láimh dóirithinte ar ainmhithe an fhochoinsiasa, a tháinig ag lorg déirce – is ina éiric sin a shaorfadh mé."*

Agus, ar chuma an deascríbhneora, tá féith an ghrinn inti – agus í ag tagairt do sprid an tobac a bhíonn ag crochadh timpeall ar láithreacha uaigneacha istoíche, cuireann sí na focail seo ina béal:

*"Is nach fada mé i mo shuí gach oíche spéirghealaí, anseo ar dhroichead an mhuilinn, go bhfuilim bailithe dho!"*

Tríd is tríd, is ceart an saothar seo a mholadh go hard mar chnuasach a léiríonn go bhfuil beatha agus beocht i bhfilíocht na n-Ógscríbhneoirí, agus dea-thuar é dona bhfuil i ndán fós. Ó thaobh úsáid an bhealoidis sa litríocht chruthaitheach, ba mhaith an rud é do Nuala cuimhneamh ar fhocail an scoláire Eilbhéisigh Max Luthi, huair a dúirt sé go bhfuil *"the superiority of the weaker"* mar bhuntréith in aestéitic an bhéaloidis. Nár bhreá is nár thairbheach dán ó láimh shnasta an scríbhneora seo ag plé leis sin mar théama?



# Sloinnte Chúige Uladh

## Ó Cléirigh

**IS é seo ceann de na sloinnte ba luaithe in úsáid in Éirinn. Cluintear iomrá ar an fhine i dtús ama mar cheannairí ar Chill Mac Duach, tailte a bhí sa taobh thiar-theas de chontae na Gaillimhe. Sa 9ú haois a mhair Cléireach ónar tháinig an sloinne; agus luaitear an t-ainm mar sloinne don chéad uair i 916. Ón bhliain sin go dtí 1033, is leis na tailte céanna a bhaineann an sloinne Ó Cléirigh.**

Ach faoi dheireadh an dara aois déag deirtear gur chuir William Fitz-Adelm de Burgh (ónar shíolraigh na Búrcaigh) muintir Uí Chléirigh as seilbh a dtailte, agus d'imigh siad ó thuaidh go dtí an taobh thoir-thuaidh de chontae Maigh Eo. Níl tracht ar bith eile orthu go dtí an 14ú haois nuair a ghluais duine den teaghlach, Cormac Ó Cléirigh, ó Thír Amhlaidh go dtí Tír Chonaill agus chuir faoi ag Cill Barún, ionad dúchasach an teaghlaigh ó shin amach.

Niall Garbh Ó Dónaill a bhí mar rí ar Thír Chonaill an t-am sin. De réir an scéil phos Cormac iníon Uí Scingín, ollamh Uí Dhónaill. Fírinne nó finscéal, ba ghearr ina dhiadh sin go raibh muintir Uí Chléirigh mar ollúna agus filí ag taoisigh Dálaigh Thír Chonaill.

Níl aon eolas ann faoi mac Chormaic, Giolla Bhríghde ach tagraítear do mhac s'aigesean, Giolla Riabhach, sna hAnnála, faoin bhliain 1421, mar 'saoi seanchadha.' Bhí mac ag Giolla Riabhach a raibh 'Diarmaid an dTrí Scol' air agus tá roinnt dán dá chuid againn, na samplaí is luaithe de shaothar aonduine den teaghlach.

Bhronn Ó Dónaill tailte breise ar an Diarmaid seo. Tadhg Cam ab ainm dá mhac; ar a bhás i 1492 deir na hAnnála: *"Ua Cleiricch Tadhcc Cam, ollamh Ui Domhnaill i neiccsi hi filidheacht agus a sinchus."* Bhí triúr mac ag Tadhg Cam, agus ó mhac duine de na mic sin a shíolraigh an 'Bráthair Mícheál' (Tadhg an tSléibhe), an duine is mó iomrá ar na Ceithre Máistir.

Is cosúil go raibh an Bráthair Mícheál san órd Proinsiasach i gColáiste Louvain ach d'fhill sé ar Éirinn tuairim 1626 leis an ábhar a bhailiú i gcomhar beatha naoimh na hÉireann. Le linn dó bheith ag déanamh sin bhailigh sé fosta ábhar don saothar is mó staire dá bhfuil againn.

## Mac Uighilin

**AINM coitianta é Mac Uighilin (litriú úr: Mac Uilin) i gCúige Uladh. Baineann sé le tuaisceart Aontroma nó ba thaoisigh ar an Rúta iad muintir Mhic Uighilin go dtí 1586. Ach tá diamhracht éigean ag dul le bunús an ainm. Ceaptar gur Normannaigh as an Bhreatain Bheag a bhí iontu i dtús ama, daoine a raibh de Mandeville orthu, agus go dtagann an t-ainm Gaeilge 'Mac Uighilin' ó dhuine a mhair sa 13ú haois a raibh Hugo nó Hugolin de Mandeville air.**

Téann na craobhacha ginealaigh siar go dtí 'Uidilin' no 'Uigil' *"ó bhfuilid an fine,"* nó *"ó raidhtear an fine."* De réir na gcraobhacha ginealaigh sin bhí mac ag 'Uidilin' ar tugadh 'Slemne (Stephen) Catha na Craoibhe' air. Sna hAnnala luaitear 'maidhm na Craoibhe' faoin dáta 1295.

Ach níl an teolas againn ar a chéadtheacht go hÉirinn. Bhí duine a raibh Robert de Mandeville air le Rí John ag Carraig Fhearghais i 1210 agus i 1270 bhí Henry de Mandeville mar seneschal Uladh. Agus is cosúil go raibh cuid acu ag gníomhú mar lucht turastail ag an am seo. Ach ar bhás Walter de Burgo, iarla Uladh, i 1271 ghlac Henry de Mandeville seilbh ar 'Tweskard' a bheadh mar an Rúta ní ba mhaille.

I 1281 bhí mac Henry, Thomas, páirteach i gcath Dísert Dá Crích (taobh ó thuaidh de Dún Geanainn), ag troid ar son Aodh Buí Ó Néill. I 1310 bhí John, mac Mháirtín de Mandeville, ag an phárlaimint i gCill Chainnigh, agus is cosúil go raibh an sloinne 'Mac Mártain' in úsáid go gearr ina dhiaidh sin mar sloinne ar chraobh amháin den teaghlach.

D'aineoinn ceangal bheith acu le Niallaigh Chloinne Aodha Buí bhí muintir de Mandeville dílis do choróin Shasna go dtí an chéad chuid den 14ú haois nuair a dúnmaraíodh iarla Uladh, William de Burgo, (1333), ag áth Bhéal Feirste. Bhí beirt Mac Uighilin páirteach i marú an iarla.

Le bás de Burgo bhí deireadh le cumhacht na nGall i gCúige Uladh taobh thoir den Bhanna, agus tháinig na Gaeil — go háirithe Niallaigh Cloinne Aodha Buí — i gceannas arís ar an chuid is mó de thailte na hIarlachta. Thug de Mandeville tacaíocht do na Niallaigh sna heachtraí sin agus mar chúiteamh fuair tailte dóibh féin, an Rúta, ar tugadh, 'Rúta Mhic Uighlin' don chéad uair i 1357. Shín an Rúta ó Chúil Raithin agus Baile an Chaisleáin go lár Aontroma.

AN t-athrú a tháinig ar an sloinne ag an am seo, sé sin: ó de Mandeville go dtí Mac Uighilin, tá sé doiléir. Is féidir a mhaoimh gur muintir a teaghlaigh féin a ba chúis leis an mhearbhall. Nó má bhí cuid acu ciontach i mbás an iarla agus dá mba ó na Niallaigh a tháinig a n-údarás sa Rúta ní bheadh a dhath le gnóthú acu as cuimhne ar an dúchas Normannach. B'fhearr a laghad agus arbh fhéidir a rá faoi ar tharla roimh 1333. Ós a choinne sin tá fianaise ann go raibh an sloinne 'Mac Uighilin' in úsáid roimh 1333!

Ar aon nós, is féidir bheith cinnte go raibh an teaghlach 'gaelaithe' faoi dheireadh na 14ú haois, fiú má d'fhan cuimhne éigin ar an bhunús Normannach – i gcaipéis stáit den bhliain 1449 luaitear 'Makoelyn' (Mac Uighilin!) *"with many another that beth the King's Liegemen."*

Mhair réimeas Mhic Uighilin ar an Rúta go dtí deireadh na 16ú haois In aimsir Henry VIII Shasana ba é Ruairí Mac Uighlin an taoiseach; Ba é a dúirt (go mórálach is cosúil!) nach bhfuair éinne dá chine bás ina leaba ó aimsir ionradh na Normannach. Níorbh ionadh é sin. Bhí an Rúta timpeallaithe ag Ó Catháin, Clann Dhónaill agus Niallaigh Cloinne Aodha Buí.

I 1586 bronnadh an chuid ó thuaidh de ar Shomairle Buí Ó Dónaill, agus nuair tháinig James I i réim i Sasana thíolaic seisean an chuid eile ar mhac Shomhairle, Randal, céad iarla Aontroma. Fuair Ruairí Óg Mac Uighilin tuath amháin ach ní raibh sin féin ina sheilbh nuair a d'éag sé i 1634. Ba taoiseach deireannach an Rúta é.

I 1556 nuair a thur Iarla Sussex cuairt ar Chúil Raithin scríobh sé: *"In the monastery of Collrehan are buried the ancestors of McGuillin, on the left of the altar, and on the tomb lieth the picture of a knight armed"* ■






LÁ nuachtán laethúil na nGael


An chéad nuachtán laethúil Gaeilge ariamh.


**Gné-ailt Cartúin Tuairimíocht**


An nuacht is déanaí.
Síntiús ráithe: Éi.£10; Stg.£9

25 Sráid Dubhaois,
Béal Feirste 12.










# ÁR AR AN AFRAIC

TRÍ radharc ó thaispeántas griangrafanna, *Slaughter of Another Golden Calf*, leis an ealaíontóir Briotanach Eddie Chambers. Bhí an saothar ar taiseáint ag an Grapevine Arts Centre, Baile Átha Cliath, agus sa Crescent Centre, Béal Feirste i Mí Feabhra.

Is duine é Eddie Chambers de scoil nua ealaíontóirí dubha sa Bhreatain agus baineann a chuid oibre leis an chóilíniú.


Éire
Mise Éire:
Sine mé ioná an Ċailleaċ Ḃéarra.
Mór mo ġlóir:
Mé do ruġ Cúċulainn cróda.
Mór mo náir:
Mo ċlann féin do ḋíol a máṫair.
Mise Éire:
Uaiġniġe mé ioná an Ċailleaċ Ḃéarra.
P. Mac Piarais
.K


FUSCO'S